Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**14831/21**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0390(NLE)**

**JUSTCIV 192**
**AGRI 626**
**IND 381**
**ENER 552**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 746 final - Iarscríbhinní |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Phrótacail thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a bhaineann go sonrach le Trealamh Talmhaíochta, Tógála agus Mianadóireachta (Prótacal MAC) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 746 final - Iarscríbhinní.

Faoi iamh: COM(2021) 746 final - Iarscríbhinní

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 3.12.2021
COM(2021) 746 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an Togra**

**le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú an Phrótacail thar ceann an Aontais Eorpaigh, an**

**Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a bhaineann go sonrach le Trealamh Talmhaíochta, Tógála agus Mianadóireachta (PrótacalMAC)**

## IARSCRÍBHINN

**Dearbhú de bhun Airteagal XXIV(2) maidir le hinniúlacht an Aontais Eorpaigh ar ábhair atá faoi rialú ag an bPrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a bhaineann go sonrach le Trealamh Talmhaíochta, Tógála agus Mianadóireachta (Prótacal MAC), arna ghlacadh in Pretoria an 22 Samhain 2019, ábhair ar aistrigh na Ballstáit inniúlacht ina leith chuig an Aontas Eorpach.**

1. Foráiltear le hAirteagal XXIV den Phrótacal MAC go bhféadfaidh Eagraíochtaí Réigiúnacha um Chomhtháthú Eacnamaíochta, eagraíochtaí atá comhdhéanta de Stáit cheannasacha agus a bhfuil inniúlacht acu ar ábhair áirithe atá faoi rialú ag an bPrótacal, é a shíniú ar choinníoll go ndéanfaidh siad an dearbhú dá dtagraítear in Airteagal XXIV(2). Tá cinneadh déanta ag an Aontas Eorpach Prótacal MAC a shíniú agus, dá réir sin, tá an dearbhú sin á dhéanamh aige.

2. Is iad na tíortha seo a leanas Ballstáit reatha an Aontais Eorpaigh: Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Ríocht na Danmhairge, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Poblacht na hEastóine, Éire, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Cipire, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ard-Diúcacht Lucsamburg, Poblacht na hUngáire, Poblacht Mhálta, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire, Poblacht na Polainne, Poblacht na Portaingéile, an Rómáin, Poblacht na Slóivéine, Poblacht na Slóvaice, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

3. Ní bheidh an dearbhú seo infheidhme, áfach, maidir le Ríocht na Danmhairge, i gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal 22 maidir le seasamh na Danmhairge, i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

4. Níl an dearbhú seo infheidhme maidir le críocha na mBallstát nach bhfuil feidhm ag an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh iontu agus tá sé gan dochar do cibé gníomhartha nó seasaimh a fhéadfaidh na Ballstáit i dtrácht a ghlacadh faoin bPrótacal MAC thar ceann na gcríoch sin agus ar mhaithe leo.

5. Chleacht Ballstáit an Aontais Eorpaigh a chuid inniúlachta maidir le hábhair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do na rialacha nó a d'athródh na rialacha trí inter alia Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a ghlacadh an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála[1], Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta[2] agus Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (an Róimh I)[3].

6. Inniúlacht an Aontais Eorpaigh, de bhun an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is rud é a dtarlódh dó ó nádúr a bheith ag forbairt leis go leanúnach. Faoi chuimsiú na gConarthaí, féadfaidh na hinstitiúidí inniúla cinntí a ghlacadh ina gcinnfear raon inniúlacht an Aontais Eorpaigh. Forchoimeádann an tAontas Eorpach, dá bhrí sin, an ceart an dearbhú seo a leasú dá

[1] IO L 351, 20.12.2012, lgh. 1-32.
[2] IO L 141, 5.6.2015, lgh. 19-72
[3] IO L 177, 4.7.2008, lgh. 6-16.

réir sin, gan é sin a bheith ina réamhriachtanas chun a inniúlacht a fheidhmiú i ndáil le hábhair atá faoi rialú ag Prótacal MAC.

## IARSCRÍBHINN II

**PRÓTACAL A GHABHANN LEIS AN gCOINBHINSIÚN AR LEASANNA IDIRNÁISIÚNTA I dTREALAMH SOGHLUAISTE AR ÁBHAIR A BHAINEANN GO SONRACH LE TREALAMH MIANADÓIREACHTA, TALMHAÍOCHTA AGUS TÓGÁLA**

TÁ NA STÁIT IS PÁIRTITHE SA PHRÓTACAL SEO,

AG MEAS dóibh go bhfuil na buntáistí suntasacha a bhaineann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste (dá ngairtear an 'Coinbhinsiún' anseo feasta) ag éascú maoiniú agus léasú trealaimh shoghluaiste ardluacha atá inaitheanta go huathúil,

AG AITHINT dóibh an ról tábhachtach atá ag trealamh mianadóireachta, talmhaíochta agus tógála sa gheilleagar domhanda,

AGUS IAD AR AN EOLAS faoi na buntáistí a bhaineann leis an gCoinbhinsiún a leathnú chuig trealamh mianadóireachta, talmhaíochta agus tógála,

IAD EOLACH faoin ngá atá ann an Coinbhinsiún a chur in oiriúint do riachtanais áirithe earnálacha na mianadóireachta, talmhaíochta agus na tógála agus a gcuid maoinithe,

AG TABHAIRT DÁ nAIRE dóibh go gceadaítear le Córas Comhchuibhithe na hEagraíochta Domhanda Chustaim arna rialú ag an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí na catagóirí trealaimh mianadóireachta, talmhaíochta agus tógála a chinneadh a bhfuil gá leis an gCoinbhinsiún a leathnú chucu,

AR AON INTINN faoi na forálacha seo a leanas a bhaineann le trealamh mianadóireachta, talmhaíochta agus tógála:

### CAIBIDIL I

### RAON CUR I bhFEIDHM AGUS FORÁLACHA GINEARÁLTA

**Airteagal I — Téarmaí sainithe**

1. Na cialla a leagtar amach sa Choinbhinsiún, sin iad na cialla atáag na téarmaí a úsáidtear sa Phrótacal seo, ach amháin nuair a éilíonn an comhthéacs a mhalairt.

2. Sa Phrótacal seo úsáidtear na téarmaí seo a leanas leis na bríonna a leagtar amach thíos:

(a) ciallaíonn 'trealamh talmhaíochta' réad a thagann faoi chód Córais Chomhchuibhithe a liostaítear in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal, lena n-áirítear gach gabhálas, comhpháirt agus páirt atá suiteáilte, ionchorpraithe nó ceangailte agus nach dtagann faoi chód Córais Chomhchuibhithe ar leith a liostaítear san Iarscríbhinn sin, agus na sonraí, na lámhleabhair agus na taifid uile a bhaineann leis sin;

(b) ciallaíonn 'trealamh tógála' réad a thagann faoi chód Córais Chomhchuibhithe a liostaítear in Iarscríbhinn 3 a ghabhann leis an bPrótacal, lena n-áirítear gach gabhálas, comhpháirt agus páirt atá suiteáilte, ionchorpraithe nó ceangailte agus nach dtagann faoi chód Córais Chomhchuibhithe ar leith a liostaítear san Iarscríbhinn sin, agus na sonraí, na lámhleabhair agus na taifid uile a bhaineann leis sin;

(c) ciallaíonn 'togra Stáit Chonarthaigh' togra le haghaidh modhnú a dhéanamh ar na hIarscríbhinní arna dhéanamh ag dhá Stát Chonarthacha ar a laghad;

(d) ciallaíonn 'déileálaí' duine (lena n-áirítear monaróir) a dhíolann trealamh nó a léasaíonn trealamh le linn dó a bheith i mbun a ghnó mar is gnách leis a ;

(e) ciallaíonn 'togra taiscí' fógra ón Taiscí de bhun Airteagal XXXV(2) a bhaineann leis na cóid Chórais Chomhchuibhithe sna hIarscríbhinní a bhfuil tionchar ag athbhreithniú ar Chóras Comhchuibhithe orthu agus ina bhfuil togra maidir le coigeartuithe ar na cóid sin sna hIarscríbhinní;

(f) ciallaíonn 'trealamh' trealamh mianadóireachta, trealamh talmhaíochta nó trealamh tógála;

(g) ciallaíonn 'conradh ráthaíochta' conradh a rinne duine mar ráthóir;

(h) ciallaíonn 'ráthóir' duine a dhéananann nó a eisíonn urraíocht nó ráthaíocht éilimh nó litir chreidmheasa teannta nó aon chineál eile árachais chreidmheasa chun a áirithiú go gcomhlíonfar aon oibleagáid i bhfabhar creidiúnaí arna urrú le comhaontú slándála nó faoi chomhaontú;

(i) ciallaíonn 'Córas Comhchuibhithe' an Córas Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí arna rialú ag an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, arna leasú le Prótacal lena ndéantar leasú an 24 Meitheamh 1986;

(j) ciallaíonn 'athbhreithniú ar an gCóras Comhchuibhithe' athbhreithniú ar na cóid Chórais Chomhchuibhithe arna nglacadh ag an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (arna bunú mar an Chomhairle um Chomhar Custaim) de réir a nósanna imeachta;

(k) ciallaíonn 'trealamh dochorraithe gaolmhar' trealamh atá gaolmhar le maoin dhochorraithe ar bhealach a fhágann go gcuimsítear an trealamh sa leas sa mhaoin dhochorraithe faoi dhlí an Stáit ina bhfuil an mhaoin dhochorraithe suite;

(l) ciallaíonn 'tréimhse cur chun feidhme':

(i) chun críocha Airteagal XXXV, an tréimhse tosaigh dar tús an dáta a sheolfaidh an Taiscí fógra chuig Stáit Chonarthacha faoi Airteagal XXXV(6) agus dar críoch an dáta a thiocfadh coigeartuithe i bhfeidhm mar a shonraítear sa mhír sin; agus

(ii) chun críocha Airteagal XXXVI, an tréimhse tosaigh dar tús an dáta a sheolfaidh an Taiscí fógra chuig Stáit Chonarthacha faoi

Airteagal XXXVI(8) agus dar críoch an dáta a thiocfadh modhnuithe i bhfeidhm mar a shonraítear sa mhír sin.

(m) ciallaíonn 'teagmhas a bhaineann le dócmhainneacht':

(i) tús na n-imeachtaí dócmhainneachta; nó

(ii) an rún dearbhaithe íocaíochtaí arna ndéanamh ag an bhféichiúnaí a chur ar fionraí nó fionraíocht na n-íocaíochtaí sin i gcás ina gcoisctear nó ina gcuirtear ar fionraí ceart an chreidiúnaí imeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh i gcoinne an fhéichiúnaí nó leigheasanna a fheidhmiú faoin gCoinbhinsiún le dlí nó le gníomhaíocht Stáit;

(n) ciallaíonn 'fardal' trealamh a shealbhaíonn déileálaí lena dhíol nó lena léasú i ngnáthchúrsa a ghnó;

(o) ciallaíonn 'trealamh mianadóireachta' réad a thagann faoi chód Córais Chomhchuibhithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an bPrótacal, lena n-áirítear gach gabhálas, comhpháirt agus páirt atá suiteáilte, ionchorpraithe nó ceangailte agus nach dtagann faoi chód Córais Chomhchuibhithe ar leith a liostaítear san Iarscríbhinn sin, agus na sonraí, na lámhleabhair agus na taifid uile a bhaineann leis sin;

(p) ciallaíonn 'Stát Conarthach nua' Stát a bheidh ina Stát Conarthach tar éis an dáta a sheolfaidh an Taiscí togra Taiscí nó fógra faoi thogra ó Stát Conarthach chuig Stáit Chonarthacha, de réir mar is infheidhme; agus

(q) ciallaíonn 'príomhdhlínse dhócmhainneachta' an Stát Conarthach ina bhfuil lárionad príomhleasa an fhéichiúnaí suite, a measfar, chun na críche seo, gurb é áit shuíomh reachtúil an fhéichiúnaí é nó, murar ann dó, an áit ina bhfuil an féichiúnaí corpraithe nó foirmithe, ach amháin má chruthaítear a mhalairt.

**Airteagal II — An Coinbhinsiún a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le trealamh**

1. Beidh feidhm ag an gCoinbhinsiún i ndáil le trealamh mianadóireachta, trealamh talmhaíochta agus trealamh tógála dá bhforáiltear le téarmaí an Phrótacail seo agus Iarscríbhinní 1, 2 agus 3 beag beann ar an úsáid atá beartaithe le baint as an trealamh nó ar an úsáid a bhainfear as an trealamh.

2. Tráth daingnithe, glactha nó formheasta an Phrótacail seo, nó tráth an aontachais leis an bPrótacal, féadfaidh Stát Conarthach a dhearbhú go gcuirfidh sé teorainn le cur i bhfeidhm an Phrótacail seo, teorainn a bhaineann leis an trealamh ina iomláine atá i gceann amháin nó i bpéire de na hIarscríbhinní.

3. Níl feidhm ag an bPrótacal seo maidir le nithe a thagann faoin sainmhíniú 'nithe aerárthaí' faoin bPrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a Bhaineann le Trealamh Aerárthaí, 'rothstoc iarnróid' faoi Phrótacal Lucsamburg a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a Bhaineann le Rothstoc Iarnróid nó 'sócmhainn spáis' faoin bPrótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a Bhaineann le Sócmhainní Spáis.

4. An Coinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste a thabharfar ar an gCoinbhinsiún agus ar an bPrótacal, de réir mar a chuirtear i bhfeidhm iad maidir le trealamh mianadóireachta, trealamh talmhaíochta agus trealamh tógála.

**Airteagal III — Maolú**

Féadfaidh na páirtithe, le comhaontú i scríbhinn, cur i bhfeidhm Airteagal X a eisiamh agus, i gcaidreamh lena chéile, imeacht ón éifeacht a bheidh ag aon cheann d'fhorálacha an Phrótacail seo, seachas Airteagal VIII (2) – (4) nó an éifeacht sin a athrú.

**Airteagal IV — Acmhainneachtaí ionadaíocha**

Féadfaidh duine, i ndáil le trealamh, dul i gcomhaontú, clárú mar a shainmhínítear le hAirteagal 16(3) den Choinbhinsiún a dhéanamh agus cearta agus leasanna a dhearbhú faoin gCoinbhinsiún i ngníomhaireacht, in iontaobhas nó i gcáil ionadaíoch.

**Airteagal V — Trealamh a shainaithint**

1. Chun críocha Airteagal 7(c) den Choinbhinsiún agus Airteagal XXI, is leor tuairisc ar an trealamh chun an trealamh a shainaithint más rud é go bhfuil an méid seo a leanas ann:
   (a) tuairisc ar an trealamh de réir ítime;
   (b) tuairisc ar an trealamh de réir cineáil;
   (c) ráiteas go gcumhdaítear leis an gcomhaontú gach trealamh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann; nó
   (d) ráiteas go gcumhdaítear leis an gcomhaontú gach trealamh atá ann faoi láthair agus a bheidh ann seachas i gcás ítimí nó cineálacha trealaimh ar leith.

2. Chun críocha Airteagal 7 den Choinbhinsiún, is leas idirnáisiúnta a bheidh in aon leas i dtrealamh atá aitheanta de réir na míre sin roimhe seo a luaithe a gheobhaidh an muirearóir, an díoltóir coinníollach nó an léasóir an chumhacht chun an trealamh a dhiúscairt, gan gá a bheith le haon ghníomh nua aistrithe.

**Airteagal VI — Rogha an dlí is infheidhme**

1. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo ach amháin i gcás ina ndéanfaidh Stát Conarthach dearbhú de bhun Airteagal XXVIII(1).

2. Féadfaidh na páirtithe i gcomhaontú nó i gconradh ráthaíochta gaolmhar nó i gcomhaontú fo-ordúcháin teacht ar chomhaontú faoin dlí a rialóidh a gcearta agus a n-oibleagáidí conarthacha, ina n-iomláine nó i bpáirt.

3. Mura gcomhaontófar a mhalairt, an tagairt sa mhír roimhe seo don dlí a roghnaigh na páirtithe, is tagairt í do rialacha baile dlí an Stáit ainmnithe nó, i gcás a mbeidh roinnt aonaid chríochacha i Stát, is tagairt do dhlí baile an aonaid chríochaigh ainmnithe a bheidh ann.

**Airteagal VII — Gaol le maoin dhochorraithe**

1. I gcás ina bhfuil trealamh dochorraithe gaolmhar suite i Stát nach Stát conarthach é, ní dhéanann an Prótacal seo difear do chur i bhfeidhm aon dlí de chuid an Stáit sin lena gcinntear an féidir leas idirnáisiúnta sa trealamh dochorraithe gaolmhar a chruthú, an bhfuil deireadh leis, an bhfuil sé faoi réir aon cheart nó leas eile sa trealamh dochorraithe gaolmhar, nó an ndéanann gaol an trealaimh le maoin dhochorraithe difear dó ar shlí eile.

2. Tráth daingnithe, ghlactha, fhormheasta an Phrótacail seo, nó tráth an aontachais leis , déanfaidh Stát Conarthach,a dhearbhú go mbeidh feidhm ag Roghanna eile A, B, nó C den Airteagal seo ina n-iomláine maidir le leas idirnáisiúnta i dtrealamh dochorraithe gaolmhar atá suite sa Stát Conarthach.

*Rogha eile A*

1. Más féidir trealamh dochorraithe gaolmhar a scaradh ón maoin dhochorraithe, ní dhéanfaidh a ghaol leis an maoin dhochorraithe difear do chur i bhfeidhm an Phrótacail seo, lena n-áirítear aon leas idirnáisiúnta sa trealamh sin a chruthú, an leas sin a bheith ann, tosaíocht a thabhairt dó nó é a fhorfheidhmiú. Níl feidhm ag an bPrótacal seo maidir le trealamh dochorraithe gaolmhar nach féidir a scaradh ón maoin dhochorraithe.

2. Ní féidir trealamh dochorraithe gaolmhar a scaradh ón maoin dhochorraithe ach amháin dá mbeadh a luach measta tar éis dhíscor fisiciúil an trealaimh ón maoin dhochorraithe níos mó ná costas measta an díscoir agus aon athchóiriú ar an maoin dhochorraithe.

3. Más rud é gur féidir trealamh dhochorraithe gaolmhar a scaradh ón maoin dhochorraithe tráth a ndéantar trealamh dochorraithe gaolmhar de nó tráth a chruthaítear leas idirnáisiúnta sa trealamh, cibé acu is déanaí, tá toimhde infhrisnéise ann go bhfuil sé fós inscartha ón maoin dhochorraithe sin.

*Rogha B*

1. Ní dhéanann an Prótacal seo difear do chur i bhfeidhm aon dlí de chuid an Stáit ina bhfuil maoin dhochorraithe suite lena gcinntear nach féidir leas idirnáisiúnta sa trealamh dochorraithe gaolmhar a chruthú, an bhfuil deireadh leis, an bhfuil sé faoi réir aon cheart nó leas eile sa trealamh dochorraithe gaolmhar, nó an ndéanann gaol

an trealaimh le maoin dhochorraithe difear dó ar shlí eile má chaill an trealamh a chéannacht dhlíthiúil aonair i gcomhréir le dlí an Stáit sin.

2. Más trealamh dochorraithe gaolmhar é atá faoi réir leasa idirnáisiúnta chláraithe agus nach bhfuil a chéannacht dhlíthiúil aonair caillte aige i gcomhréir le dlí an Stáit ina bhfuil an mhaoin dhochorraithe suite, ní bheidh tosaíocht ar an leas idirnáisiúnta cláraithe sa trealamh sin ag leas sa mhaoin dhochorraithe a bhaineann leis an trealamh sin ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) cláraíodh an leas idirnáisiúnta sa mhaoin dhochorraithe i gcomhréir le ceanglais an dlí baile roimh an tráth a cláraíodh an leas idirnáisiúnta sa trealamh faoin bPrótacal seo agus leanann clárú an leasa sa mhaoin dhochorraithe d'éifeacht a bheith leis; agus

(b) rinneadh gaol idir an trealamh agus an mhaoin dhochorraithe roimh an tráth a cláraíodh an leas idirnáisiúnta sa trealamh faoin bPrótacal seo.

*Rogha C*

1. Ní dhéanann an Prótacal seo difear do chur i bhfeidhm aon dlí de chuid an Stáit ina bhfuil maoin dhochorraithe suite lena gcinntear nach féidir leas idirnáisiúnta sa trealamh dochorraithe gaolmhar a chruthú, an bhfuil sé scortha de bheith ann, an bhfuil sé faoi réir aon cheart nó leas eile sa trealamh dochorraithe gaolmhar, nó an ndéanann gaol an trealaimh le maoin dhochorraithe difear dó ar shlí eile.

## CAIBIDIL II

## LEIGHEASANNA MAINNEACHTANA AGUS TOSAÍOCHTAÍ

### Airteagal VIII — Modhnú ar na forálacha maidir le leigheasanna mainneachtana

1. Sa bhreis ar na leigheasanna a shonraítear i gCaibidil III den Choinbhinsiún, féadfaidh an creidiúnaí, a mhéid atá sé comhaontaithe ag an bhféichiúnaí tráth ar bith agus sna himthosca a shonraítear sa Chaibidil sin, onnmhairiú agus aistriú fisiciúil trealaimh ón gcríoch ina bhfuil sé suite a thabhairt chun críche.

2. Ní fheidhmeoidh an creidiúnaí na leigheasanna a shonraítear sa mhír sin roimhe seo gan toiliú i scríbhinn roimh ré a fháil ó shealbhóir aon leasa chláraithe atá céimnithe mar thosaíocht thar thoiliú an chreidiúnaí.

3. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 8(3) den Choinbhinsiún maidir le trealamh. Déanfar aon leigheas a thugann an Coinbhinsiún i ndáil le trealamh a fheidhmiú ar bhealach atá réasúnta ó thaobh na tráchtála de. Is éard a mheasfar gur ar bhealach atá réasúnta ó thaobh na tráchtála de a fheidhmítear leigheas i gcás ina bhfeidhmítear é i gcomhréir le foráil de chuid an chomhaontaithe ach amháin i gcás ina meastar go bhfuil foráil den sórt sin míréasúnta.

4. Aon mhuirearaí a thabharfaidh fógra ceithre lá féilire dhéag nó níos mó roimh ré i scríbhinn maidir le díol nó léasú beartaithe do dhaoine leasmhara mar a fhoráiltear le hAirteagal 8(4) den Choinbhinsiún, measfar go sásaíonn sé an ceanglas a shonraítear ann 'réamhfhógra réasúnta' a thabhairt. Ní chuirfidh an méid sin roimhe seo cosc ar mhuirearaí agus ar mhuirearóir ná ar ráthóir comhaontú le tréimhse níos faide le haghaidh an fhógra roimh ré.

5. Faoi réir aon dlí agus rialachán sábháilteachta is infheidhme, áiritheoidh Stát Conarthach go gcomhoibreoidh na húdaráis riaracháin iomchuí go gasta leis an gcreidiúnaí agus go dtabharfaidh siad cúnamh don chreidiúnaí a mhéid is gá chun na leigheasanna a shonraítear i mír 1 a fheidhmiú.

6. Féadfaidh Stát Conarthach, tráth daingnithe, ghlactha, fhormheasta, nó aontachais leis an bPrótacal seo, a dhearbhú nach gcuirfidh sé an mhír sin roimhe seo i bhfeidhm.

7. Aon mhuirearaí a bheartaíonn trealamh a onnmhairiú faoi mhír 1 ar bhealach eile seachas de bhun ordú cúirte, tabharfaidh sé fógra réasúnta i scríbhinn roimh ré maidir leis an onnmhairiú atá beartaithe dóibh seo a leanas:

   (a) daoine leasmhara a shonraítear in Airteagal 1(m)(i) agus (ii) den Choinbhinsiún; agus

   (b) daoine leasmhara a shonraítear in Airteagal 1(m)(iii) den Choinbhinsiún a mbeidh fógra tugtha acu maidir lena gcearta i ndáil leis an muirearaí laistigh de thréimhse réasúnta roimh an onnmhairiú.

**Airteagal IX – Modhnú na bhforálacha maidir le faoiseamh nuair atá cinneadh críochnaitheach ar feitheamh**

1. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo ach amháin i Stát Conarthach a rinne dearbhú de bhun Airteagal XXVIII(2) agus a mhéid a sonraíodh sa dhearbhú sin.

2. Chun críocha Airteagal 13(1) den Choinbhinsiún, ciallaíonn 'gasta', i gcomhthéacs faoiseamh a fháil, laistigh de cibé líon laethanta féilire ó dháta comhdaithe an iarratais ar fhaoiseamh a shonraítear i ndearbhú arna dhéanamh ag an Stát Conarthach ina ndéantar an t-iarratas.

3. Tá feidhm ag Airteagal 13(1) den Choinbhinsiún agus an méid seo a leanas curtha leis díreach i ndiaidh fhomhír (d):

   '(e) más rud é, i dtráth ar bith, go n-aontaíonn an féichiúnaí agus an creidiúnaí go sonrach, an réad a dhíol agus úsáid a bhaint as fáltas as an díol sin',

   agus beidh feidhm ag Airteagal 43(2) trí na focail 'agus (e)' a chur isteach i ndiaidh na bhfocal 'Airteagal 13(1)(d)'.

4. Tá úinéireacht nó aon leas eile de chuid an fhéichiúnaí a aistreoidh ar dhíol faoin mír sin roimhe seo saor ó aon leas eile a bhfuil tosaíocht ag leas idirnáisiúnta an chreidiúnaí air faoi fhorálacha Airteagal 29 den Choinbhinsiún.

5. Féadfaidh an creidiúnaí agus an féichiúnaí nó aon duine leasmhar eile comhaontú i scríbhinn go n-eisiafar cur i bhfeidhm Airteagal 13(2) den Choinbhinsiún.

6. Maidir leis na leigheasanna in Airteagal VIII(1):

(a) Cuirfidh na húdaráis riaracháin iad ar fáil i Stát Conarthach tráth nach déanaí ná seacht lá féilire tar éis don chreidiúnaí fógra a thabhairt do na húdaráis sin gur deonaíodh an faoiseamh a shonraítear in Airteagal 13 den Choinbhinsiún nó, i gcás faoisimh arna dheonú ag cúirt choigríche, aitheanta ag cúirt de chuid an Stáit Chonarthaigh, agus go bhfuil an creidiúnaí i dteideal na leigheasanna sin a fháil i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún; agus

(b) comhoibreoidh na húdaráis is infheidhme go gasta leis an gcreidiúnaí agus tabharfaidh siad cúnamh don chreidiúnaí leis na leigheasanna sin a fheidhmiú i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin sábháilteachta is infheidhme.

7. Ní dhéanfaidh mír 2 ná mír 6 difear d'aon dlí nó rialachán sábháilteachta is infheidhme.

**Airteagal X — Leigheasanna Dócmhainneachta**

1. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo ach amháin i gcás ina ndéanfaidh Stát Conarthach, arb é an phríomhdhlínse dócmhainneachta é, dearbhú de bhun Airteagal XXVIII(3).

2. Tagairtí san Airteagal seo don 'riarthóir dócmhainneachta', is don duine sin ina cháil oifigiúil, seachas ina cháil phearsanta, a bheidh siad.

3. Má tharlaíonn teagmhas a bhaineann le dócmhainneacht, tabharfaidh an riarthóir dócmhainneachta nó an féichiúnaí, de réir mar is infheidhme, faoi réir mhír 7, seilbh ar an trealamh don chreidiúnaí tráth nach déanaí ná an dáta is luaithe i measc na ndátaí thíos:

(a) deireadh na tréimhse feithimh; agus

(b) an dáta a mbeadh an creidiúnaí i dteideal an trealamh a shealbhú mura mbeadh feidhm ag an Airteagal seo.

4. Chun críche an Airteagail seo, is í an tréimhse a shonrófar i ndearbhú ón Stát Conarthach, arb é an phríomhdlínse dócmhainneachta é, an 'tréimhse feithimh'.

5. Mura dtugtar an deis don chreidiúnaí seilbh a ghlacadh faoi mhír 3, agus go dtí go dtabharfar an deis sin:

(a) caomhnóidh an riarthóir dócmhainneachta nó an féichiúnaí an trealamh, de réir mar is infheidhme, agus déanfaidh sé an trealamh féin mar aon lena luach a choinneáil i gcomhréir leis an gcomhaontú; agus

(b) beidh an creidiúnaí i dteideal iarratas a dhéanamh ar aon fhoirm eile d'fhaoiseamh eatramhach atá ar fáil faoin dlí is infheidhme

6. Ní chuirfidh fomhír (a) den mhír sin roimhe seo cosc ar úsáid a bhaint as an trealamh faoi shocruithe atá ceaptha chun an trealamh a chaomhnú agus é agus a luach a choinneáil.

7. Féadfaidh an riarthóir dócmhainneachta nó an féichiúnaí, de réir mar is infheidhme, seilbh a choimeád ar an trealamh i gcás inar leigheas sé, faoin am a shonraítear i mír 3, gach mainneachtain seachas mainneachtain a bhunaítear le himeachtaí dócmhainneachta a thionscnamh agus gur aontaigh sé na hoibleagáidí uile a bheidh ann amach anseo faoin gcomhaontú agus faoi na doiciméid ghaolmhara idirbhirt a

chomhlíonadh. Ní bheidh feidhm ag an dara tréimhse feithimh maidir le mainneachtain i gcomhlíonadh na n-oibleagáidí sin amach anseo.

8. Maidir leis na leigheasanna in Airteagal VIII(1):

(a) cuirfidh na húdaráis riaracháin i Stát Conarthach ar fáil iad tráth nach déanaí ná seacht lá féilire tar éis an dáta a dtabharfaidh an creidiúnaí fógra do na húdaráis sin go bhfuil sé i dteideal na leigheasanna sin a fháil i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún; agus

(b) comhoibreoidh na húdaráis is infheidhme go gasta leis an gcreidiúnaí agus tabharfaidh siad cúnamh don chreidiúnaí leis na leigheasanna sin a fheidhmiú i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin sábháilteachta is infheidhme.

9. Ní fhéadfar feidhmiú aon leigheas a cheadaítear leis an gCoinbhinsiún nó leis an bPrótacal sin a chosc ná a mhoilliú tar éis an dáta a shonraítear i mír 3.

10. Ní fhéadfar aon oibleagáid de chuid an fhéichiúnaí faoin gcomhaontú a mhodhnú gan toiliú an chreidiúnaí.

11. Ní fhorléireofar aon ní sa mhír sin roimhe seo mar ní a dhéanann difear d'údarás, más ann dó, an riarthóra dócmhainneachta faoin dlí is infheidhme chun an comhaontú a fhoirceannadh.

12. Ní bheidh tosaíocht in imeachtaí dócmhainneachta ar leasanna cláraithe ag aon cheart ná leas, cé is moite de chearta neamh-chomhthoileacha nó leasanna neamh-chomhthoiliúla de chuid catagóire atá cumhdaithe le dearbhú de bhun Airteagal 39(1) den Choinbhinsiún.

13. Beidh feidhm ag an gCoinbhinsiún arna mhodhnú le hAirteagal VIII maidir le feidhmiú aon leigheas faoin Airteagal seo.

**Airteagal XI — Cúnamh dócmhainneachta**

1. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo ach amháin i Stát Conarthach a dhéanfaidh dearbhú de bhun Airteagal XXVIII(1).

2. Déanfaidh cúirteanna Stáit Chonarthaigh ina bhfuil an trealamh, i gcomhréir le dlí an Stáit sin, comhoibriú a mhéid is féidir le cúirteanna coigríche agus le riarthóirí dócmhainneachta coigríche chun forálacha Airteagal X a chur i gcrích.

**Airteagal XII – Forálacha a bhaineann le fardal**

1. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo ach amháin i gcás ina ndéanfaidh Stát Conarthach dearbhú de bhun Airteagal XXVIII(4).

2. Ní leas idirnáisiúnta leas san fhardal arna chruthú nó arna sholáthar le comhaontú arb é an déileálaí an féichiúnaí faoi más sa Stát Conarthach dá dtagraítear sa mhír roimhe seo atá sé suite an tráth a chruthaítear nó a eascraítear an leas.

3. Níl feidhm ag Airteagal 29(3)(b) agus 29(4)(b) den Choinbhinsiún maidir le ceannaitheoir, ceannaitheoir coinníollach nó léasaí fardail ó dhéileálaí má tá an déileálaí suite sa Stát Conarthach dá dtagraítear i mír 1 an tráth a fhaigheann

ceannaitheoir, ceannaitheoir coinníollach nó léasaí a leas san fhardal nó a chearta ar an bhfardal.

4. Chun críocha an Airteagail seo, tá déileálaí suite i Stát ina bhfuil a áit ghnó nó, má tá níos mó ná áit ghnó amháin aige i Stáit éagsúla, a phríomháit ghnó.

**Airteagal XIII – Forálacha a bhaineann leis an bhféichiúnaí**

1. In éagmais mainneachtana de réir bhrí Airteagal 11 den Choinbhinsiún, beidh an féichiúnaí i dteideal seilbh shíothach ar an trealamh agus i dteideal é a úsáid de réir an chomhaontaithe maidir le:

   (a) creidiúnaí dá chuid agus sealbhóir aon leasa a ghlacann an féichiúnaí saor in aisce de bhun Airteagal 29(4)(b) den Choinbhinsiún mura mbeidh, agus a mhéid a chomhaontaigh an féichiúnaí a mhalairt; agus

   (b) sealbhóir aon leasa a bhfuil ceart nó leas an fhéichiúnaí faoina réir de bhun Airteagal 29(4)(a) den Choinbhinsiún, ach sin a mhéid a chomhaontaigh an sealbhóir sin, má chomhaontaigh sé sin.

2. Ní dhéanann aon ní sa Choinbhinsiún ná sa Phrótacal sin difear do dhliteanas a bheadh ar chreidiúnaí mar gheall ar aon sárú ar an gcomhaontú faoin dlí is infheidhme a mhéid a bhaineann an comhaontú sin le trealamh.

**CAIBIDIL III**

**FORÁLACHA CLÁRLAINNE A BHAINEANN LE LEASANNA IDIRNÁISIÚNTA I DTREALAMH**

**Airteagal XIV – An tÚdarás Maoirseachta agus an Cláraitheoir**

1. Is é an tÚdarás Maoirseachta an t-eintiteas idirnáisiúnta a ainmneofar de bhun rún ón gComhdháil Taidhleoireachta chun an Prótacal seo a ghlacadh ar choinníoll go mbeidh an tÚdarás Maoirseachta sin in ann gníomhú sa cháil sin agus é toilteanach sin é dhéanamh.

2. I gcás nach bhfuil an t-eintiteas idirnáisiúnta dá dtagraítear sa mhír roimhe seo in ann agus toilteanach gníomhú mar Údarás Maoirseachta, tionólfar Comhdháil de Stáit Shínithe agus Stáit Chonarthacha chun Údarás Maoirseachta eile a ainmniú.

3. Beidh díolúine ag an Údarás Maoirseachta agus ag a oifigigh agus a fhostaithe ó phróiseas dlíthiúil agus riaracháin dá bhforáiltear faoi na rialacha is infheidhme maidir leo mar eintiteas idirnáisiúnta nó ar shlí eile.

4. Bunóidh an tÚdarás Maoirseachta coimisiún saineolaithe as daoine a ainmneoidh Stáit Shínithe agus Stáit Chonarthacha a mbeidh na cáilíochtaí agus an taithí is gá

acu, agus cuirfidh sé de chúram air cúnamh a thabhairt don Údarás Maoirseachta a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

5. Ceapfar chéad Chláraitheoir na Clárlainne Idirnáisiúnta go ceann tréimhse cúig bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo. Ina dhiaidh sin, ceapfaidh an tÚdarás Maoirseachta an Cláraitheoir gach cúig bliana go tráthrialta nó déanfaidh sé é a athcheapadh.

**Airteagal XV — Na chéad rialacháin**

Déanfaidh an tÚdarás Maoirseachta na chéad rialacháin ionas go mbeidh éifeacht acu ar theacht i bhfeidhm an Phrótacail seo.

**Airteagal XVI — Pointí iontrála ainmnithe**

1. Féadfaidh Stát Conarthach ag tráth ar bith eintiteas nó eintitis a ainmniú mar phointe iontrála nó mar phointí iontrála trína ndéanfar, nó trína bhféadfar, faisnéis a bheidh ag teastáil lena clárú a tharchur chuig an gClárlann Idirnáisiúnta seachas clárú fógra i dtaobh leasa náisiúnta nó cirt nó leasa faoi Airteagal 40 den Choinbhinsiún i gceachtar den dá chás a thagann chun cinn faoi dhlíthe Stáit eile. Oibreofar na pointí iontrála éagsúla le linn uaireanta oibre ar a laghad ina gcríocha féin.

2. Féadfaidh ainmniú arna dhéanamh faoin mír roimhe seo pointe iontrála ainmnithe nó pointí iontrála ainmnithe a cheadú le húsáid le haghaidh faisnéise a bheidh ag teastáil le haghaidh clárúcháin i ndáil le fógraí díolacháin, ach ní fhéadfaidh sé iallach a chur orthu é sin a dhéanamh.

3. Ní bheidh clárú neamhbhailí mar gheall ar é a dhéanamh ar shlí eile seachas i gcomhréir le haon cheanglas a fhorchuirfidh Stát Conarthach faoi mhír 1.

**Airteagal XVII — Trealamh chun críocha cláraithe a shainaithint**

Tuairisc ar an trealamh ina bhfuil sraithuimhir a mhonaróra agus cibé faisnéis bhreise is gá chun uathúlacht a áirithiú, is gá agus is leor í chun an réad a shainaithint chun críocha Airteagal 18(1)(a) den Choinbhinsiún. Sonrófar sna Rialacháin formáid sraithuimhir an mhonaróra agus soláthrófar an fhaisnéis bhreise is gá iontu chun uathúlacht a áirithiú.

**Airteagal XVIII — Modhnuithe breise ar fhorálacha na Clárlainne**

1. Chun críocha Airteagal 19(6) den Choinbhinsiún, is é sraithuimhir an mhonaróra a bheidh ina chritéar cuardaigh le haghaidh trealaimh.

2. Cinnfear na táillí dá dtagraítear in Airteagal 17(2)(h) den Choinbhinsiún chun na nithe seo a leanas a ghnóthú:

(a) na costais réasúnta a ghabhann leis an gClárlann Idirnáisiúnta a bhunú, a oibriú agus a rialáil, agus costais réasúnta an Údaráis Maoirseachta a ghabhann le comhlíonadh na bhfeidhmeanna, feidhmiú na gcumhachtaí agus le comhlíonadh na ndualgas a shamhlaítear le hAirteagal 17(2) den Choinbhinsiún; agus

(b) costais réasúnta an Taiscí a bhaineann le comhlíonadh na bhfeidhmeanna, feidhmiú na gcumhachtaí agus comhlíonadh na ndualgas a shamhlaítear le hAirteagal 62(2)(c) den Choinbhinsiún agus le hAirteagal XXXVII(2)(c) go (f) den Phrótacal sin.

3. Is é an Cláraitheoir a oibreoidh agus a riarfaidh feidhmeanna láraithe na Clárlainne Idirnáisiúnta ar bhonn ceithre huaire is fiche an chloig.

4. Beidh an Cláraitheoir faoi dhliteanas faoi Airteagal 28(1) den Choinbhinsiún i leith caillteanais a bheidh ann suas le méid nach mó ná luach an trealaimh lena mbaineann an caillteanas. D'ainneoin na habairte roimhe seo, ní rachaidh dliteanas an Chláraitheora thar 5 mhilliún Cearta Tarraingthe Speisialta in aon bhliain féilire, nó cibé méid is mó ná sin, arna ríomh cibé slí a fhéadfaidh an tÚdarás Maoirseachta a chinneadh le rialacháin ó am go ham.

5. Ní chuirfidh an mhír sin roimhe seo teorainn le dliteanas an Chláraitheora i leith damáistí mar gheall ar chaillteanas de dheasca mórfhaillí nó mí-iompair a rinne an Cláraitheoir agus a chuid oifigeach agus a chuid fostaithe.

6. Ní bheidh méid an árachais nó na ráthaíochta airgeadais dá dtagraítear in Airteagal 28(4) den Choinbhinsiún níos lú ná an méid a chinnfidh an tÚdarás Maoirseachta a bheith iomchuí, ag féachaint do dhliteanas ionchasach an Chláraitheora.

7. Ní chuirfidh aon ní sa Choinbhinsiún cosc ar an gCláraitheoir árachas nó ráthaíocht airgeadais a fháil a chumhdaíonn teagmhais nach bhfuil an Cláraitheoir faoi dhliteanas ina leith faoi Airteagal 28 den Choinbhinsiún.

**Airteagal XIX — Modhnuithe ar fhorálacha maidir le comhlíonadh**

1. Tá feidhm ag Airteagal 25 den Choinbhinsiún:

(a) amhail is dá mba thagairtí d'aon duine de na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 1(m)(i) agus (iii) iad tagairtí don fhéichiúnaí i mír 1 agus i mír 3;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. I gcás nár chóir clárú a dhéanamh nó i gcás go bhfuil sé mícheart nó i gcás gur cheart é a chomhlíonadh ar shlí eile i gcásanna nach dtagann faoi réim aon cheann de na míreanna sin roimhe seo, déanfaidh an duine a ndearnadh an clárú ar a shon é a chomhlíonadh nó a leasú, gan moill mhíchuí, tar éis éileamh i scríbhinn a fháil ó aon duine de na daoine leasmhara_dá dtagraítear in Airteagal 1(m)(i) agus (iii) a sheachadadh ar sheoladh an duine, nó a fháil ag seoladh an duine, gur ar a shon a rinneadh an clárú mar atá luaite sa chlárú'; agus

(c) an méid seo a leanas a chur isteach díreach i ndiaidh mhír 4:

"5. I gcás nach ann a thuilleadh do shealbhóir an leasa dá dtagraítear i mír 1 nó i mír 3 den Airteagal seo nó don duine a ndearnadh an clárú ina fhabhar

mar a fhoráiltear le mír 4 nó mura féidir teacht ar an duine sin, féadfaidh an chúirt, ar iarratas ó aon duine de na daoine leasmhara dá dtagraítear in Airteagal 1(m)(i) agus (iii), ordú a dhéanamh a bheidh dírithe ar an gCláraitheoir, ordú a cheanglóidh ar an gCláraitheoir an clárú a chomhlíonadh.

6. I gcás nach ann don chreidiúnaí nó don sannaí atá beartaithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a thuilleadh nó mura féidir teacht air, féadfaidh an chúirt, ar iarratas ón bhféichiúnaí nó ón sannóir atá beartaithe, ordú a dhéanamh a bheidh dírithe an gCláraitheoir, ordú a cheanglóidh ar an gCláraitheoir an clárú a chomhlíonadh.'

2. Chun críocha Airteagal 25(2) den Choinbhinsiún agus sna himthosca a thuairiscítear ann, déanfaidh sealbhóir leasa idirnáisiúnta ionchasaigh chláraithe nó sannadh ionchasach cláraithe leasa idirnáisiúnta cibé bearta a bheidh faoina chumhacht chun go gcomhlíonfar an clárú tráth nach déanaí ná deich lá féilire tar éis an t-éileamh a thuairiscítear sa mhír sin a fháil.

**Airteagal XX — Fógraí díolacháin**

Údarófar leis na rialacháin fógraí díolacháin i dtaobh trealamh a chlárú sa Chlárlann Idirnáisiúnta. Beidh feidhm ag forálacha na Caibidle seo agus Chaibidil V den Choinbhinsiún, a mhéid is iomchuí, maidir leis na cláraithe sin. Mar sin, aon chlárú den sórt sin agus aon chuardach a dhéanfar nó aon deimhniú a eiseofar i leith fógra díolacháin, is chun críocha faisnéise amháin a bheidh siad agus ní dhéanfaidh siad difear do chearta aon duine, ná ní bheidh aon éifeacht eile acu, faoin gCoinbhinsiún nó faoin bPrótacal sin.

**CAIBIDIL IV**

**DLÍNSE**

**Airteagal XXI — Tarscaoileadh díolúine ceannasaí**

1. Faoi réir mhír 2, beidh tarscaoileadh díolúine ceannasaí ó dhlínse na gcúirteanna a shonraítear in Airteagal 42 nó in Airteagal 43 den Choinbhinsiún nó a bhaineann le cearta agus leasanna a bhaineann le trealamh faoin gCoinbhinsiún a fhorghníomhú ceangailteach agus, má chomhlíontar na coinníollacha eile don dlínse nó don fhorfheidhmiú sin, beidh éifeacht aige chun dlínse a thabhairt agus chun forghníomhú a cheadú, de réir mar a bheidh.

2. Ní mór tarscaoileadh faoin mír sin roimhe seo a bheith i scríbhinn agus tuairisc a bheith ann ar an trealamh mar atá sonraithe in Airteagal V(1).

## CAIBIDIL V

## GAOL LE COINBHINSIÚIN EILE

### Airteagal XXII — Gaol leis an gCoinbhinsiún UNIDROIT maidir le Léasú Airgeadais Idirnáisiúnta

Glacfaidh an Coinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste, mar a chuirtear i bhfeidhm é maidir le trealamh mianadóireachta, trealamh talmhaíochta agus trealamh tógála, ionad Choinbhinsiún UNIDROIT maidir le Léasú Airgeadais Idirnáisiúnta i leith ábhar an Phrótacail sin, mar atá idir Stáit is Páirtithe sa dá Choinbhinsiún.

## CAIBIDIL VI

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

### Airteagal XXIII — Síniú, daingniú, glacadh, formheas nó aontachas

1. Beidh an Prótacal seo ar oscailt lena shíniú in Pretoria an 22 Samhain 2019 ag Stáit a bheidh páirteach sa Chomhdháil Taidhleoireachta chun Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a bhaineann go sonrach le Trealamh Mianadóireachta, Talmhaíochta agus Tógála a tionóladh in Pretoria ón 11 go dtí an 22 Samhain 2019 a ghlacadh. Tar éis an 22 Samhain 2019, beidh an Prótacal seo ar oscailt do gach Stát chun é a shíniú i gCeanncheathrú na hInstitiúide Idirnáisiúnta um Aontú an Dlí Phríobháidigh (UNIDROIT) sa Róimh go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm de réir Airteagal XXV.
2. Beidh an Prótacal seo faoi réir a dhaingnithe, a ghlactha nó a fhormheasta ag na Stáit a shínigh é.
3. Féadfaidh aon Stát nach síníonn an Prótacal seo aontú dó tráth ar bith.
4. Déantar daingniú, glacadh, formheas nó aontachas trí ionstraim fhoirmiúil chuige sin a thaisceadh leis an Taiscí.
5. Ní fhéadfaidh Stát a bheith ina Pháirtí sa Phrótacal seo mura bhfuil sé ina Pháirtí sa Choinbhinsiún nó mura n-éiríonn sé ina Pháirtí sa Choinbhinsiún freisin.

### Airteagal XXIV — Eagraíochtaí Réigiúnacha um Chomhtháthú Eacnamaíochta

1. Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta, atá comhdhéanta de Stáit cheannasacha agus a bhfuil inniúlacht aici ar ábhair áirithe atá faoi rialú an bPrótacal seo, féadfaidh sí an Prótacal seo a shíniú, a ghlacadh, nó aontú leis an bPrótacal sin ar an gcaoi chéanna. Sa chás sin, beidh cearta agus oibleagáidí Stáit Chonarthaigh ag

an Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta a mhéid a bheidh inniúlacht ag an Eagraíocht sin ar ábhair atá faoi rialú an Phrótacail seo. I gcás ina mbaineann líon na Stát Conarthach leis an bPrótacal sin, ní mheasfar gur Stát Conarthach é an Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta i dteannta a Bhallstát ar Stáit Chonarthacha iad.

2. Tráth sínithe an Choinbhinsiúin, tráth a ghlactha, a fhormheasta nó a aontaithe, déanfaidh an Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta dearbhú don Taiscí lena sonrófar na hábhair a rialaítear leis an bPrótacal seo ar ina leith a d'aistrigh a Ballstáit inniúlacht chuig an Eagraíocht sin. Tabharfaidh an Eagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta fógra gan mhoill don Taiscí faoi aon athrú ar dháileadh na hinniúlachta, lena n-áirítear aistrithe nua inniúlachta, a shonraítear sa dearbhú faoin mír seo.

3. Aon tagairt sa Phrótacal seo do 'Stát Conarthach' nó do 'Stáit Chonarthacha' nó do 'Stát is Páirtí' nó do 'Stáit is Páirtithe', beidh feidhm chomh maith céanna aici maidir le hEagraíocht Réigiúnach um Chomhtháthú Eacnamaíochta i gcás ina n-éilíonn an comhthéacs amhlaidh.

**Airteagal XXV — Teacht i bhfeidhm**

1. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm idir na Stáit a bhfuil ionstraimí taiscthe acu dá dtagraítear i bhfomhír (a) an tráth is déanaí díobh seo a leanas:

   (a) an chéad lá den mhí tar éis trí mhí a bheith caite tar éis an dáta a thaiscfear an cúigiú hionstraim dhaingnithe, ghlactha, fhormheasta nó aontachais; agus

   (b) an dáta thaiscfidh an tÚdarás Maoirseachta dearbhú leis an Taiscí, ar dearbhú é lena ndeimhnítear go bhfuil an Clárlann Idirnáisiúnta ag feidhmiú go hiomlán.

2. I gcás Stát eile, tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis an tráth is déanaí díobh seo a leanas:

   (a) ach trí mhí a bheith caite tar éis dáta taiscthe na hionstraime daingnithe, glactha, formheasta nó aontachais; agus

   (b) an dáta dá dtagraítear i bhfomhír (b) den mhír roimhe seo.

**Airteagal XXVI — Aonaid chríochacha**

1. Má tá aonaid chríochacha ag Stát Conarthach ina bhfuil córais dhlí éagsúla is infheidhme maidir le hÁbhair a ndéileáltar leo sa Phrótacal sin, féadfaidh sé, tráth daingnithe, glactha, formheasta nó aontachais, a dhearbhú go bhfuil an Prótacal sin le leathnú chuig a n-aonaid chríochacha ar fad nó chuig ceann amháin nó níos mó dóibh amháin, agus féadfaidh sé a dhearbhú a mhodhnú trí dhearbhú eile a chur isteach ag tráth ar bith.

2. Beidh fógra le tabhairt faoi aon dearbhú dá leithéid don Taiscí agus sonróidh an fógra sin go sainráite na haonaid chríochacha a bhfuil feidhm ag an bPrótacal sin maidir leo.

3. Mura ndearna Stát Conarthach dearbhú faoi mhír 1, beidh feidhm ag an bPrótacal sin maidir le haonaid chríochacha uile an Stáit sin.

4. I gcás ina leathnaíonn Stát Conarthach an Prótacal sin chuig ceann amháin nó níos mó dá aonaid chríochacha, féadfaidh dearbhuithe a cheadaítear faoin bPrótacal sin a dhéanamh i leith gach aonad críochach den sórt sin, agus féadfaidh na dearbhuithe a dhéanfar i leith aonad críochach amháin a bheith éagsúil ó na dearbhuithe a dhéanfar i leith aonad críochach eile.

5. Leathnaítear an Prótacal sin chuig aonad críochach amháin nó níos mó de Stát Conarthach, más de bhua dearbhú faoi mhír 1:

(a) go meastar nach bhfuil féichiúnaí suite i Stát Conarthach ach amháin má tá sé corpraithe nó foirmithe faoi dhlí atá i bhfeidhm in aonad críochach ina bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún agus ag an bPrótacal sin maidir leis nó má tá oifig chláraithe nó reachtúil, ionad riaracháin, áit ghnó nó gnáthchónaí aige in aonad críochach ina bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún agus ag an bPrótacal sin maidir leis;

(b) go dtagraíonn aon tagairt do shuíomh an réada i Stát Conarthach do shuíomh an réada in aonad críochach ina bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún agus ag an bPrótacal sin maidir leis;

(c) go bhforléirítear aon tagairt d'údaráis riaracháin sa Stát Conarthach sin mar thagairt d'údaráis riaracháin a bhfuil dlínse acu in aonad críochach ina bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún agus ag an bPrótacal sin maidir leis; agus

(d) chun críocha Airteagal XII(4), go meastar go bhfuil déileálaí suite i Stát Conarthach má tá a áit ghnó nó, má tá níos mó ná áit ghnó amháin, a phríomháit ghnó aige in aonad críochach ina bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún agus ag an bPrótacal sin maidir leis.

**Airteagal XXVII — Forálacha Idirthréimhseacha**

I ndáil le trealamh talmhaíochta, trealamh tógála agus trealamh mianadóireachta, déanfar Airteagal 60 den Choinbhinsiún a mhodhnú mar seo a leanas:

(a) an méid seo a leanas a chur in ionad mír 2(a):

'(a) ciallaíonn 'dáta éifeachtach an Choinbhinsiúin sin', i ndáil le féichiúnaí, ag an tráth is déanaí díobh seo a leanas:

(i) tráth a thiocfaidh an Coinbhinsiún sin i bhfeidhm:

(ii) tráth a bheidh an Stát, ina mbeidh an féichiúnaí suite nuair a chruthófar an ceart nó an leas nó nuair a thiocfaidh sé chun cinn, ina Stát Conarthach; agus

(iii) tráth a bheidh an Prótacal infheidhme sa Stát sin maidir le trealamh atá faoi réir an chirt nó an leasa atá ann cheana féin.'

(b) an méid seo a leanas a chur in ionad mír 3:

'3. Féadfaidh Stát Conarthach ina dhearbhú faoi mhír 1 dáta a shonrú, tráth nach luaithe ná trí bliana agus ag tráth nach déanaí ná deich mbliana tar éis an dáta ar a mbeidh éifeacht ag an dearbhú, nuair a

bheidh Airteagail 29, 35 agus 36 den Choinbhinsiún mar a modhnaíodh nó a forlíonadh leis an bPrótacal infheidhme maidir le cearta nó leasanna atá ann cheana a thiocfaidh chun cinn faoi chomhaontú ag tráth a bhí an féichiúnaí suite sa Stát sin, a mhéid a shonrófar sa dearbhú agus ar an dóigh a shonrófar ann. Aon tosaíocht a bhaineann leis an gceart nó leis an leas faoi dhlí an Stáit, a mhéid is infheidhme, leanfaidh sé má tá an ceart nó an leas cláraithe sa Chlárlann Idirnáisiúnta roimh dul in éag na tréimhse a shonrófar sa dearbhú, má cláraíodh aon ceart nó leas eile roimh seo nó mura cláraíodh.'

(c) an mhír seo a leanas a chur isteach:

"4. Chun críocha mhír 3, beidh feidhm ag dearbhú i leith ceart nó leas atá ann cheana maidir le trealamh ar a mbeidh an Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún ar Leasanna Idirnáisiúnta i dTrealamh Soghluaiste ar Ábhair a bhaineann go sonrach le Trealamh Mianadóireachta, Talmhaíochta agus Tógála infheidhme sa Stát sin i gcomhréir le hAirteagal XXXV agus le hAirteagal XXXVI den Phrótacal sin tráth a bheidh an Prótacal infheidhme maidir leis an trealamh sin.'

**Airteagal XXVIII — Dearbhuithe a bhaineann le forálacha áirithe**

1. Féadfaidh Stát Conarthach, tráth daingnithe, ghlactha, fhormheasta, nó aontachais leis an bPrótacal seo, a dhearbhú go gcuirfidh sé Airteagal VI nó Airteagal XI den Phrótacal sin nó an dá hAirteagal araon i bhfeidhm.

2. Féadfaidh Stát Conarthach, tráth daingnithe, ghlactha, fhormheasta, nó aontachais leis an bPrótacal seo, a dhearbhú go gcuirfidh sé Airteagal IX den Phrótacal seo i bhfeidhm ina iomláine nó i bpáirt. Má dhearbhaíonn sé amhlaidh, sonróidh sé an tréimhse ama a cheanglaítear le hAirteagal IX(2).

3. Féadfaidh Stát Conarthach, tráth daingnithe, glactha nó formheasta an Phrótacail seo, nó aontachais leis an bPrótacal, a dhearbhú go gcuirfidh sé Airteagal X den Phrótacal sin i bhfeidhm agus, má chuirfidh, sonróidh sé na cineálacha imeachtaí dócmhainneachta, más ann dóibh, a bheidh feidhm acu maidir le hAirteagal X. Sonróidh Stát Conarthach a dhéanann dearbhú de bhun na míre sin an tréimhse ama a cheanglaítear le hAirteagal X.

4. Féadfaidh Stát Conarthach, tráth daingnithe, ghlactha, fhormheasta, nó aontachais leis an bPrótacal seo, a dhearbhú go gcuirfidh sé Airteagal XII i bhfeidhm.

5. Aon dearbhú a dhéanfar de bhun an Phrótacail sin, beidh feidhm aige ina iomláin maidir leis an trealamh a bhfuil feidhm ag an bPrótacal sin maidir leis.

6. Stát Conarthach a dhéanfaidh dearbhú i leith aon Rogha Eile dá bhforáiltear in Airteagal VII, roghnóidh sé an Rogha Eile céanna maidir leis an trealamh ina iomlán a bhfuil feidhm ag an bPrótacal sin maidir leis.

7. Cuirfidh cúirteanna na Stát Conarthach Airteagal X i bhfeidhm i gcomhréir leis an dearbhú a dhéanfaidh Stát Conarthach arb é an phríomhdhlínse dhócmhainneachta é.

**Airteagal XXIX — Dearbhuithe faoin gCoinbhinsiún**

Dearbhuithe a dhéanfar faoin gCoinbhinsiún, lena n-áirítear iad siúd a dhéanfar faoi Airteagail 39, 40, 50, 53, 54, 55, 57, 58, agus 60, measfar iad a bheith déanta faoin bPrótacal sin freisin, ach amháin má shonrófar a mhalairt.

**Airteagal XXX — Forchoimeádais agus dearbhuithe**

1. Ní fhéadfar aon fhorchoimeádas a dhéanamh maidir leis an bPrótacal seo ach féadfar dearbhuithe atá údaraithe le hAirteagail II, VII, VIII, XXVI, XXVIII, XXIX agus XXXI a dhéanamh de réir na bhforálacha seo.
2. Déanfar fógra i scríbhinn a thabhairt don Taiscí faoi aon dearbhú nó faoi aon dearbhú a dhéanfar ina dhiaidh sin nó faoi aon tarraingt siar a dhéanfar faoi dhearbhú faoin bPrótacal sin.

**Airteagal XXXI — Dearbhuithe eile ina dhiaidh sin**

1. Féadfaidh Stát is Páirtí dearbhú ina dhiaidh sin a dhéanamh, seachas dearbhú a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal XXIX faoi Airteagal 60 den Choinbhinsiún, tráth tar éis an dáta a thiocfaidh an Prótacal sin i bhfeidhm maidir leis, trí fógra a thabhairt don Taiscí chuige sin.
2. Aon dearbhú a dhéanfar ina dhiaidh sin, beidh feidhm aige ón gcéad lá den mhí tar éis sé mhí a bheith istigh tar éis don Taiscí an fógra a fháil. I gcás ina sonrófar tréimhse níos faide d'fheidhm a bheith ag an dearbhú sin san fhógra, beidh feidhm aige tar éis na tréimhse faide sin tar éis don Taiscí an fógra a fháil.
3. D'ainneoin na míreanna roimhe seo, leanfaidh an Prótacal sin d'fheidhm a bheith aige, amhail nach ndearnadh aon dearbhú ina dhiaidh sin, i leith gach ceart agus leas a thiocfaidh chun cinn roimh dháta éifeachtach aon dearbhú a dhéanfar ina dhiaidh sin.

**Airteagal XXXII — Dearbhuithe a tharraingt siar**

1. Aon Stát is Páirtí a rinne dearbhú faoin bPrótacal sin, seachas dearbhú a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal XXIX faoi Airteagal 60 den Choinbhinsiún, féadfaidh sé a tharraingt siar ag tráth ar bith trí fhógra a thabhairt don Taiscí. Beidh feidhm ag aon tarraingt siar den sórt sin ón gcéad lá den mhí tar éis sé mhí a bheith istigh tar éis don Taiscí an fógra a fháil.
2. D'ainneoin an mhír roimhe seo, leanfaidh an Prótacal sin d'fheidhm a bheith aige, amhail nach ndearnadh aon dearbhú tarraingthe siar, i leith gach ceart agus leas a thiocfaidh chun cinn roimh dháta éifeachtach aon dearbhú tarraingthe siar den sórt sin.

**Airteagal XXXIII — Séantaí**

1. Féadfaidh aon Stát is Páirtí an Prótacal seo a shéanadh trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Taiscí.

2. Beidh feidhm ag aon séanadh ón gcéad lá den mhí tar éis dhá mhí dhéag a bheith istigh tar éis don Taiscí an fógra a fháil.

3. D'ainneoin na míreanna roimhe seo, leanfaidh an Prótacal sin d'fheidhm a bheith aige, amhail nach ndearnadh aon séanadh den sórt sin, i leith gach ceart agus leas a thiocfaidh chun cinn roimh dháta éifeachtach aon séanadh den sórt sin.

4. Dearbhú a dhéanfaidh Stát is Páirtí ina dhiaidh sin faoi Airteagal II lena ndearbhaítear nach bhfuil feidhm ag an bPrótacal maidir le Iarscríbhinn amháin nó níos mó, measfar gur séanadh é den Phrótacal i leith na hIarscríbhinne sin.

**Airteagal XXXIV — Comhdhálacha athbhreithnithe, leasuithe agus ábhair ghaolmhara**

1. Ullmhóidh an Taiscí, i gcomhairliúchán leis an Údarás Maoirseachta, tuarascálacha bliantúla, nó ag tráth ar bith eile a bheidh ag teastáil mar gheall ar na cúinsí, le haghaidh na Stáit is Páirtithe maidir leis an mbealach a oibríodh i gcleachtas córas idirnáisiúnta a bunaíodh sa Choinbhinsiún arna leasú leis an bPrótacal sin. Agus tuarascálacha den sórt sin á n-ullmhú, cuirfidh an Taiscí na tuarascálacha ón Údarás Maoirseachta a bhaineann le feidhmiú an chórais clárúcháin idirnáisiúnta san áireamh.

2. Ar iarraidh fiche cúig faoin gcéad de na Stáit is Páirtithe ar a laghad, tionólfaidh an Taiscí Comhdhálacha Athbhreithniúcháin de na Stáit is Páirtithe anois is arís, i gcomhairliúchán leis an Údarás Maoirseachta, leis an méid seo a leanas a mheas:

   (a) feidhmiú praiticiúil an Choinbhinsiúin arna leasú leis an bPrótacal sin agus a éifeachtacht maidir le maoiniú sócmhainn-bunaithe agus léasú na réad a chumhdaítear lena théarmaí a éascú;

   (b) an léirmhíniú breithiúnach a thugtar do théarmaí an Phrótacail seo agus na rialachán agus a gcur i bhfeidhm;

   (c) feidhmiú an chórais clárúcháin idirnáisiúnta, feidhmíocht an Chláraitheora agus maoirseacht an Údaráis Maoirseachta air, agus tuarascálacha an Údaráis Maoirseachta á gcur san áireamh; agus

   (d) an inmhianaithe aon leasú ar an bPrótacal sin, lena n-áirítear na hIarscríbhinní, nó na socruithe a bhaineann leis an gClárlann Idirnáisiúnta.

3. Déanfaidh tromlach dhá thrian ar a laghad de na Stáit is Páirtithe atá rannpháirteach sa Chomhdháil dá dtagraítear sa mhír sin roimhe seo aon leasú ar an bPrótacal seo faoin Airteagal seo a fhormheas agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ansin i leith Stát is Páirtithe a dhaingnigh an leasú sin, a ghlac leis nó a d'fhormheas é nuair a bheidh sé daingnithe, glactha nó formheasta ag cúig Stát is Páirtithe de réir fhorálacha Airteagal XXV a bhaineann lena theacht i bhfeidhm.

**Airteagal XXXV – Coigeartuithe ar chóid an Chórais Chomhchuibhithe sna hIarscríbhinní tar éis athbhreithniú ar Chóras Comhchuibhithe**

1. Nuair a ghlacfar le hathbhreithniú ar Chóras Comhchuibhithe, rachaidh an Taiscí i gcomhairle leis an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim agus leis an Údarás Maoirseachta maidir le haon chód de chuid an Chórais Chomhchuibhithe atá liostaithe sna hIarscríbhinní a bhféadfadh an t-athbhreithniú difear a dhéanamh dó.

2. Tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis dó glacadh le hathbhreithniú ar Chóras Comhchuibhithe, cuirfidh an Taiscí fógra faoin athbhreithniú ar an gCóras Comhchuibhithe chuig gach Stát Conarthach. Luafar san fhógra an ndéanfaidh an t-athbhreithniú difear d’aon chóid Córas Comhchuibhithe sna hIarscríbhinní agus molfaidh sé coigeartuithe ar na cóid Chórais Chomhchuibhithe sna hIarscríbhinní a bhfuil gá leo le háirithiú go bhfanfaidh na hIarscríbhinní ar ailíniú leis an gCóras Comhchuibhithe agus go n-íoslaghdófar na hathruithe a dhéantar ar chur i bhfeidhm an Phrótacail ar threalamh a eascraíonn as an athbhreithniú ar an gCóras Comhchuibhithe. Ní mór an dáta a shonrú san fhógra faoina gcaithfear agóidí a dhéanamh i gcoinne an togra Taiscí de bhun mhír 3.

3. Gach coigeartú ar na cóid Chórais Chomhchuibhithe sna hIarscríbhinní a mholtar i dtogra Taiscí, má dhéantar é laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear sa mhír roimhe seo, measfar é a bheith glactha ag Stáit Chonarthacha mura rud é, laistigh de naoi mí tar éis don Chóras Comhchuibhithe a bheith glactha, go bhfaighidh an Taiscí agóidí i gcoinne an choigeartaithe atá beartaithe ó aon trian nó níos mó de na Stáit Chonarthacha. Ní foláir gach coigeartú lena mbaineann sé a shonrú le hagóid, agus ní foláir feidhm a bheith aige maidir leis an gcoigeartú ina iomláine.

4. Má fhaigheann an Taiscí agóidí i gcoinne coigeartú atá beartaithe ó thrian nó níos mó de na Stáit Chonarthacha laistigh den tréimhse a shonraítear sa mhír sin roimhe seo, comórfaidh an Taiscí cruinniú de Stáit Chonarthacha chun an coigeartú sin a bhreithniú. Déanfaidh an Taiscí iarracht an cruinniú a thionól laistigh de thrí mhí tar éis dheireadh na tréimhse a shonraítear sa mhír roimhe seo.

5. Na Stáit Chonarthacha a bheidh rannpháirteach ag cruinniú a thionóltar faoin mír roimhe seo, déanfaidh siad gach iarracht chun teacht ar chomhaontú de chomhthoil. Mura mbeidh comhaontú ann, ní ghlacfar coigeartú ach amháin má fhormheastar é le vóta tromlaigh dhá thrian de na Stáit Chonarthacha a bheidh rannpháirteach agus a vótálfaidh ag an gcruinniú. Faoi réir mhíreanna 7 agus 8, beidh comhaontuithe agus cinntí ó chruinniú na Stát Conarthach ina gceangal ar na Stáit Chonarthacha go léir.

6. Ar dhul in éag don tréimhse a shonraítear i mír 3 nó, más infheidhme, ach a mbeidh cruinniú de na Stáit Chonarthacha críochnaithe de bhun mhír 4, cuirfidh an Taiscí fógra chuig gach Stát Conarthach ina gcuirfear in iúl cé acu de na coigeartuithe a bheidh beartaithe a glacadh agus nár glacadh. Faoi réir mhír 7 agus mhír 8, tiocfaidh na coigeartuithe a glacadh i bhfeidhm tráth nach déanaí ná dhá mhí dhéag ón dáta a seolfaidh an Taiscí fógra faoi na coigeartuithe a glacadh chuig Stáit Chonarthacha agus an dáta a dtiocfaidh an t-athbhreithniú ar an gCóras Comhchuibhithe i bhfeidhm.

7. Le linn na tréimhse feidhmithe, féadfaidh Stát Conarthach an dáta a thiocfaidh coigeartuithe i bhfeidhm i ndáil leis an Stát sin a fhadú go ceann tréimhse sé mhí trí fhógra a gheobhaidh an Taiscí tríocha lá ar a laghad sula rachaidh an tréimhse chur i

ngníomh in éag. Féadfaidh Stát Conarthach faduithe chomhleanúnacha a dhéanamh ar an teacht i bhfeidhm go ceann tréimhsí sé mhí trí fhógra a gheobhaidh an Taiscí tráth nach déanaí ná tríocha lá roimh dhul in éag don tréimhse reatha.

8. Le linn na tréimhse cur chun feidhme nó le linn aon tréimhse fhadaithe sé mhí ina dhiaidh sin dá bhforáiltear sa mhír roimhe seo, féadfaidh Stát Conarthach, trí fhógra a gheobhaidh an Taiscí tráth nach déanaí ná tríocha lá roimh dhul in éag don tréimhse fhorfheidhmithe nó don tréimhse ina dhiaidh sin, coigeartú amháin nó níos mó ar na cóid Chórais Chomhchuibhithe a aithint sna hIarscríbhinní nach dtiocfaidh i bhfeidhm i gcás na Stát sin. Stát Conarthach a mbeidh an méid sin curtha in iúl aige don Taiscí, féadfaidh sé an fógra faoin mír seo maidir le coigeartú amháin nó níos mó trí fhógra a thabhairt don Taiscí a tharraingt siar aon tráth dá éis sin, agus sa chás sin tiocfaidh an coigeartú nó na coigeartuithe sin i bhfeidhm maidir leis an Stát sin tríocha lá tar éis don Taiscí an fógra a fháil.

9. Beidh na cearta agus na sochair go léir de chuid Stát Conarthach faoin Airteagal seo ag Stát Conarthach nua, lena n-áirítear na cearta chun agóid a dhéanamh faoi mhír 3, a bheith rannpháirteach agus vótáil i gcruinniú faoi mhíreanna 4 agus 5, dátaí a fhadú faoi mhír 7, agus fógraí a sheoladh faoin mír roimhe seo. D'ainneoin na breithe roimhe seo, ní bheidh ag Stát Conarthach nua ach an tréimhse, más ann di, a bheidh fágtha ag Stáit Chonarthacha eile chun aon chaingean a dhéanamh faoin Airteagal seo.

10. Faoi réir Airteagal 60 den Choinbhinsiún agus Airteagal XXVII den Phrótacal seo, ní dhéanfaidh aon choigeartú ar na cóid Chórais Chomhchuibhithe sna hIarscríbhinní faoin Airteagal seo difear do chearta ná do leasanna a thagann chun cinn roimh an dáta a dtiocfaidh an coigeartú i bhfeidhm.

**Airteagal XXXVI – Modhnuithe ar na hIarscríbhinní**

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le modhnuithe ar na hIarscríbhinní seachas coigeartuithe ar na cóid Chórais Chomhchuibhithe sna hIarscríbhinní atá á rialú ag Airteagal XXXV.

2. Más rud é, tráth ar bith tar éis don Phrótacal seo a theacht i bhfeidhm, go bhfaighidh an Taiscí togra ó Stát Conarthach, déanfaidh an Taiscí, an tráth dá bhforáiltear i mír 3 nó i mír 5, fógra faoin togra ón Stát Conarthach a chur chuig gach Stát Conarthach. Sainaithneofar cóid an Chórais Chomhchuibhithe san fhógra, más ann dóibh, cóid a mbeadh tionchar ag an togra orthu, agus tabharfar tuairisc ar gach modhnú beartaithe ar na hIarscríbhinní. Ní mór a shonrú san fhógra an dáta deiridh le hagóidí a dhéanamh in aghaidh an togra ón Stát Conarthach de bhun mhír 4 nó mhír 5.

3. Faoi réir mhír 5, nuair a chuirfidh an Taiscí togra Taiscí chuig Stáit Chonarthacha de bhun Airteagal XXXV(2), cuirfidh sé fógra chuig na Stáit Chonarthacha faoi gach togra ó Stát Conarthach a fuair an Taiscí agus nár cuireadh chuig Stáit Chonarthacha roimhe sin.

4. Faoi réir mhír 5, measfar gach modhnú ar na hIarscríbhinní a thairg Stát Conarthach dá dtagraítear sa mhír sin roimhe seo a bheith glactha ag Stáit Chonarthacha mura bhfaighidh an Taiscí agóidí i gcoinne an mhodhnaithe sin a bheidh beartaithe ó fiche a cúig faoin gcéad nó níos mó de na Stáit Chonarthacha laistigh den tréimhse a shonraítear le haghaidh agóidí in Airteagal XXXV(3). Ní foláir gach modhnú lena

mbaineann sé a shonrú le hagóid, agus ní foláir feidhm a bheith aige maidir leis an modhnú sin ina iomláine.

5. Dá rogha féin amháin, is faoin Taiscí atá sé fógra a fuair sé nár cuireadh chuig Stáit Chonarthacha a chur chuig Stáit Chonarthacha tráth ar bith seachas an tráth a shonraítear i mír 3, sin nó gan an fógra a chur. Sa chás sin, measfar gach modhnú ar na hIarscríbhinní a mhol an Stát Conarthach a bheith glactha ag Stáit Chonarthacha mura bhfaighidh an Taiscí, laistigh den tréimhse ama a bheidh sonraithe san fhógra, agóidí i gcoinne an mhodhnaithe bheartaithe sin ó fiche a cúig faoin gcéad nó níos mó de na Stáit Chonarthacha. An tréimhse ama a shonraítear san fhógra, is tréimhse í nach mbeidh níos giorra ná naoi mí tar éis don Taiscí an togra is déanaí a fuair an Taiscí ón Stát Conarthach a fháil. Ní foláir gach modhnú lena mbaineann sé a shonrú le hagóid, agus ní foláir feidhm a bheith aige maidir leis an modhnú sin ina iomláine.

6. Má fhaigheann an Taiscí agóidí i gcoinne modhnú a moladh ó fiche cúig faoin gcéad nó níos mó de na Stáit Chonarthacha laistigh den tréimhse a shonraítear i mír 4 nó mír 5, tionólfaidh an Taiscí cruinniú de na Stáit Chonarthacha chun an modhnú sin a bhreithniú. Déanfaidh an Taiscí iarracht an cruinniú a chomóradh laistigh de thrí mhí tar éis dheireadh na tréimhse a shonraítear i mír 4 nó mír 5.

7. Na Stáit Chonarthacha a bheidh rannpháirteach ag cruinniú a thionóltar faoin mír roimhe seo, déanfaidh siad gach iarracht chun teacht ar chomhaontú de chomhthoil. Mura mbeidh comhaontú ann, ní ghlacfar modhnú ach amháin má fhormheastar é le vóta tromlaigh dhá thrian de na Stáit Chonarthacha a bheidh rannpháirteach agus a vótálfaidh ag an gcruinniú. Faoi réir mhíreanna 9 agus 10, beidh comhaontuithe agus cinntí ó chruinniú na Stát Conarthach ina gceangal ar na Stáit Chonarthacha go léir.

8. Ar dhul in éag don tréimhse a shonraítear i mír 4 nó i mír 5 nó, más infheidhme, tar éis do chruinniú de na Stáit Chonarthacha a bheith críochnaithe de bhun mhír 6, cuirfidh an Taiscí fógra chuig gach Stát Conarthach ina gcuirfear in iúl cé acu de na modhnuithe a bheartaítear a glacadh agus cé acu nár glacadh. Faoi réir mhíreanna 9 agus 10, tiocfaidh na modhnuithe a glacadh i bhfeidhm dhá mhí dhéag ón dáta a chuirfidh an Taiscí an fógra chuig Stáit Chonarthacha.

9. Le linn na tréimhse feidhmithe, féadfaidh Stát Conarthach an dáta a thiocfaidh modhnuithe i bhfeidhm i ndáil leis an Stát sin a fhadú go ceann tréimhse sé mhí trí fhógra a gheobhaidh an Taiscí tríocha lá ar a laghad sula rachaidh an tréimhse chur i ngníomh in éag. Féadfaidh Stát Conarthach faduithe chomhleanúnacha a dhéanamh ar an teacht i bhfeidhm go ceann tréimhsí sé mhí trí fhógra a gheobhaidh an Taiscí tráth nach déanaí ná tríocha lá roimh dhul in éag don tréimhse reatha.

10. Le linn na tréimhse feidhmithe nó le linn aon tréimhse fadaithe sé mhí ina dhiaidh sin, tréimhse dá bhforáiltear sa mhír roimhe seo, féadfaidh Stát Conarthach, trí fhógra a gheobhaidh an Taiscí tráth nach déanaí ná tríocha lá roimh dhul in éag don tréimhse forfheidhmithe nó don tréimhse dá éis sin, modhnú amháin nó níos mó ar na hIarscríbhinní nach dtiocfaidh i bhfeidhm i ndáil leis an Stát sin a aithint. Stát Conarthach a mbeidh an méid sin curtha in iúl aige don Taiscí, féadfaidh sé an fógra faoin mír seo a tharraingt siar aon tráth dá éis sin maidir le modhnú amháin nó níos mó trí fhógra a thabhairt don Taiscí, agus sa chás sin tiocfaidh an modhnú nó na modhnuithe sin i bhfeidhm maidir leis an Stát sin tríocha lá tar éis don Taiscí an fógra a fháil.

11. Beidh na cearta agus na sochair go léir de chuid na Stát Conarthach faoin Airteagal seo ag Stát Conarthach nua, lena n-áirítear na cearta chun agóid a dhéanamh faoi

mhír 4 nó faoi mhír 5, páirt a ghlacadh agus vótáil i gcruinniú faoi mhíreanna 6 agus 7, dátaí a fhadú faoi mhír 9, agus fógraí a chur ar aghaidh faoin mír sin roimhe seo. D'ainneoin na breithe roimhe seo, ní bheidh ag Stát Conarthach nua ach an tréimhse, más ann di, a bheidh fágtha ag Stáit Chonarthacha eile chun aon chaingean a dhéanamh faoin Airteagal seo.

12. Faoi réir Airteagal 60 den Choinbhinsiún agus Airteagal XXVII den Phrótacal seo, ní dhéanfaidh aon mhodhnú ar na hIarscríbhinní faoin Airteagal seo difear do chearta ná do leasanna a éireoidh roimh an dáta a thiocfaidh an modhnú i bhfeidhm.

**Airteagal XXXVII – Taiscí agus na feidhmeanna atá leis**

1. Taiscfear ionstraimí daingnithe, ionstraimí glactha, mar aon le hionstraimí formheasta nó aontachais leis an bhForas Idirnáisiúnta um Aontú an Dlí Phríobháidigh (UNIDROIT) a ainmníonn an Taiscí seo.

2. Déanfaidh an Taiscí an méid seo a leanas:

   (a) cuirfidh sé gach Stát Conarthach ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

      (i) gach síniú nua nó gach taisceadh nua ar ionstraim dhaingnithe, ghlactha, fhormheasta nó aontachais, mar aon leis an dáta a ghabhann leis;

      (ii) dáta taiscthe an deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal XXV(1)(b);

      (iii) dáta teacht i bhfeidhm don Phrótacal seo;

      (iiii) gach dearbhú a dhéantar de réir an Phrótacail seo, mar aon leis an dáta a ghabhann leis;

      (iiiii) aon dearbhú a tharraingt siar nó a leasú, mar aon leis an dáta a ghabhann leis; agus

      (iiiiii) an fógra faoi aon séanadh ar an bPrótacal seo mar aon leis an dáta a ghabhann leis agus an dáta a thiocfaidh sé in éifeacht;

   (b) cóipeanna dílse deimhnithe den Phrótacal seo a tharchur chuig gach Stát Conarthach;

   (c) cóip a sholáthar don Údarás Maoirseachta agus don Chláraitheoir de gach ionstraim dhaingnithe, ghlactha, fhormheasa nó aontachais, mar aon leis an dáta a taisceadh é, de gach dearbhú, de gach tarraingt siar nó de leasú ar dhearbhú agus de gach fógra séanta, mar aon leis an dáta a dtabharfar fógra ina leith, ionas go mbeidh an fhaisnéis atá iontu ar fáil go héasca agus go hiomlán agus go mbeidh sí ina cuidiú i gcomhlíonadh aon dualgas gaolmhar chun oibriú cuí na Clárlainne a áirithiú;

   (d) cuirfidh sé an tÚdarás Maoirseachta agus an Cláraitheoir ar an eolas faoi aon phróisis atá ar feitheamh faoi Airteagal XXXV nó faoi Airteagal XXXVI agus faoi thorthaí aon phróisis den sórt sin;

   (e) cuirfidh sé na Stáit Chonarthacha nua ar an eolas faoi aon phróiseas atá ar feitheamh faoi Airteagal XXXV nó faoi Airteagal XXXVI;

   (f) na feidhmeanna a bhaineann leis an leasú ar na hIarscríbhinní a chomhlíonadh, feidhmeanna dá dtagraítear in Airteagail XXXIV, XXXV agus XXXVI; agus

(g) cibé feidhmeanna eile is gnách do thaiscithe a chomhlíonadh.

AG FIANÚ SIN DÓIBH, chuir na Lánchumhachtaigh a bhfuil a síniú thíos a síniú leis an bPrótacal seo agus iad údaraithe go cuí.

Arna DHÉANAMH in Pretoria, an dara lá fichead de Shamhain, dhá mhíle is a naoi déag, i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla agus sa Fhraincis, agus an dá théacs ar chomhúdarás le chéile, agus comhúdarás ag an mbarántúlacht sin a bheidh le teacht in éifeacht tar éis do Rúnaíocht na Comhdhála fíorú faoi údarás Uachtarán na Comhdhála laistigh de nócha lá feasta i dtaobh comhchuibheas na dtéacsanna le chéile.

## IARSCRÍBHINNÍ

## IARSCRÍBHINN 1 — TREALAMH MIANADÓIREACHTA

I gcomhréir le hAirteagal II, beidh feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir le trealamh mianadóireachta a thagann faoi na cóid Chórais Chomhchuibhithe seo a leanas san Iarscríbhinn seo.

820713: Uirlisí inmhalartaithe le haghaidh uirlisí láimhe, bídís cumhachtoibrithe nó ná bíodh, nó le haghaidh meaisínuirlisí (mar shampla, le haghaidh fáis, stampála, puinseála, tapála, snáithithe, druileála, tollta, bróitseála, muilleála, déileála nó tiomána scriú), lena n-áirítear díslí le haghaidh miotal a tharraingt nó a easbhrú, agus uirlisí tollta carraige nó tollta talún – Uirlisí druileála carraige nó tollta talún – Le cuid oibre de cheirmeacha

842831: Innealra ardaithe, láimhseála, luchtaithe nó díluchtaithe eile (mar shampla, ardaitheoirí, staighrí beo, iompróirí, telefeiricí) – Ardaitheoirí agus iompróirí eile gníomhaíochta leanúnaí, le haghaidh earraí nó ábhar – iad deartha go sonrach le húsáid faoin talamh

842911: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - Ollscartairí agus claonscartairí -- Leagan ráillí

842919: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - Ollscartairí agus claonscartairí -- Eile:

842920: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - Grádóirí agus leibhéalaithe

842951: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha -- lódairí sluaisteacha tosaigh

842952: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha -- Innealra ag a bhfuil forstruchtúr rothlach 360°

842959: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - Grádóirí agus leibhéalaithe

843010: Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; Céachtaí sneachta agus séidirí sneachta - Tiománaithe píle agus asbhainteoirí píle

843031: Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; Céachtaí sneachta agus séidirí sneachta – gearrthóirí guail nó carraige agus innealra tollánaithe -- Iad féintiomáinte

843039: Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; Céachtaí sneachta agus séidirí sneachta – gearrthóirí guail nó carraige agus innealra tollánaithe -- Eile

843041: Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; Céachtaí sneachta agus seidirí sneachta – Innealra eile tollta nó suncála -- Iad féintiomáinte

843049: Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; Céachtaí sneachta agus séidirí sneachta – innealra eile tollta nó suncála – Eile

843050: Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; Céachtaí sneachta agus séidirí sneachta – Innealra eile, féintiomáinte

843061: Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; Céachtaí sneachta agus séidirí sneachta – Innealra eile, nach bhfuil féinghluaiste – sacadh ar innealra dlúthaithe

843069: Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; céachtaí sneachta agus séidirí sneachta – Innealra eile, nach bhfuil féinghluaiste – Eile

847410: Innealra le cré, cloch, mianta nó substaintí mianracha eile, i bhfoirm sholadach (lena n-áirítear púdar nó taos) a shórtáil, a chriathrú, a scaradh, a ní, a bhrú, a mheilt, a mheascadh nó a fhuineadh; innealra i gcomhair breoslaí soladacha mianracha, taos ceirmeach, ábhair plástrála nó táirgí mianracha eile i bhfoirm púdair nó taois a cheirtleánú nó a mhúnlú;

Meaisíní chun múnlaí teilgcheárta a dhéanamh de ghaineamh – Meaisíní stórála, scagtha, deighilte nó níocháin

847420: Innealra le cré, cloch, mianta nó substaintí mianracha eile, i bhfoirm sholadach (lena n-áirítear púdar nó taos) a shórtáil, a chriathrú, a scaradh, a ní, a bhrú, a mheilt, a mheascadh nó a fhuineadh; innealra i gcomhair breoslaí soladacha mianracha, taos ceirmeach, ábhair plástrála nó táirgí mianracha eile i bhfoirm púdair nó taois a cheirtleánú nó a mhúnlú; Meaisíní chun múnlaí teilgcheárta a dhéanamh de ghaineamh – Meaisíní bruite nó meilte

847431: Innealra le cré, cloch, mianta nó substaintí mianracha eile, i bhfoirm sholadach (lena n-áirítear púdar nó taos) a shórtáil, a chriathrú, a scaradh, a ní, a bhrú, a mheilt, a mheascadh nó a fhuineadh; innealra i gcomhair breoslaí soladacha mianracha, taos ceirmeach, ábhair plástrála nó táirgí mianracha eile i bhfoirm púdair nó taois a cheirtleánú nó a mhúnlú; Meaisíní le haghaidh múnlaí teilgcheárta a dhéanamh de ghaineamh – Meaisíní measctha nó fuinte – Meascthóirí coincréiteacha nó moirtéil

870130: Tarracóirí (seachas tarracóirí atá faoi cheannteideal 8709) – Tarracóirí leagtha ráillí

870192: Tarracóirí (seachas na tarracóirí atá faoi cheannteideal 8709) – Eile, a bhfuil cumhacht innill acu – Níos mó ná 18 kW ach nach mó ná 37 kW

870193: Tarracóirí (seachas na tarracóirí atá faoi cheannteideal 8709) – Eile, a bhfuil cumhacht innill acu – Níos mó ná 37 kW ach nach mó ná 75 kW

870194: Tarracóirí (seachas na tarracóirí atá faoi cheannteideal 8709) – Eile, a bhfuil cumhacht innill acu – Níos mó ná 75 kW ach nach mó ná 130 kW

870195: Tarracóirí (seachas na tarracóirí atá faoi cheannteideal 8709) – Eile, a bhfuil cumhacht innill acu – Níos mó ná 130 kW

870410: Mótarfheithiclí chun earraí a iompar – Dumpairí atá deartha chun úsáide lasmuigh den mhórbhealach

## IARSCRÍBHINN 2 — TREALAMH TALMHAÍOCHTA

I gcomhréir le hAirteagal II, beidh feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir le trealamh talmhaíochta a thagann faoi na cóid Chórais Chomhchuibhithe seo a leanas san Iarscríbhinn seo.

842449: Fearais mheicniúla (bídís oibrithe de láimh nó ná bíodh) i gcomhair leachtanna nó púdair a theilgean, a easrú nó a spraeáil;múchtóirí tine, bídís luchtaithe nó ná bídís; múchtóirí tine bídís luchtaithe nó ná bíodh; gunnaí spraeála agus fearais chomhchosúla; Meaisíní pléasctha gaile nó gainimh agus meaisíní scaird-teilgean comhchosúla – Spraeirí talmhaíochta nó gairneoireachta – Eile

842482: Fearais mheicniúla (bídís oibrithe de láimh nó ná bíodh) le leachtanna nó púdair a theilgean, a easrú nó a spraeáil; múchtóirí tine bídís luchtaithe nó ná bíodh; gunnaí spraeála agus fearais chomhchosúla; Meaisíní pléasctha gaile nó gainimh agus meaisíní scairdteilgthe chomhchosúla – Fearais eile – Talmhaíocht nó Gairneoireacht

842911: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - Ollscartairí agus claonscartairí -- Leagan ráillí

842919: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - Ollscartairí agus claonscartairí -- Eile:

842920: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - Grádóirí agus leibhéalaithe

842930: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - Scríobairí

842940: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - Meaisíní sactha agus rollóirí bóthair

842951: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha -- lódairí sluaisteacha tosaigh

842952: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha -- Innealra ag a bhfuil forstruchtúr rothlach 360°

842959: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - Grádóirí agus leibhéalaithe

843049: Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; Céachtaí sneachta agus séidirí sneachta – innealra eile tollta nó suncála – Eile

843050: Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; Céachtaí sneachta agus séidirí sneachta – Innealra eile, féintiomáinte

843210: Innealra talmhaíochta, gortóireachta nó foraoiseachta le haghaidh ullmhú nó saothrú na hithreach; Rollóirí faiche nó faiche spóirt – Céachtaí

843221: Innealra talmhaíochta, gortóireachta nó foraoiseachta le haghaidh ullmhú nó saothrú na hithreach; Rollóirí faiche nó faiche spóirt – brácaí, gléas scaoilte na bhfód, saothraithe, fíodóirí agus grafóga – Brácaí diosca

843229: Innealra talmhaíochta, gortóireachta nó foraoiseachta le haghaidh ullmhú nó saothrú na hithreach; Rollóirí faiche nó faiche spóirt – Brácaí, gléas scaoilte na bhfód, saothraithe, fíodóirí agus grafóga – Eile

843231: Innealra talmhaíochta, gortóireachta nó foraoiseachta le haghaidh ullmhú nó saothrú na hithreach; rollóirí faiche nó faiche spóirt – Síoladóirí, plandóirí agus trasphlandóirí – síoladóirí gan iomaire, plandóirí agus trasphlandóirí

843239: Innealra talmhaíochta, gortóireachta nó foraoiseachta le haghaidh ullmhú nó saothrú na hithreach; rollóirí faiche nó faiche spóirt – Síoladóirí, plandóirí agus trasphlandóirí – Eile

843241: Innealra talmhaíochta, gortóireachta nó foraoiseachta le haghaidh ullmhú nó saothrú na hithreach; Rollóirí faiche nó faiche spóirt – Scaipairí aoiligh agus dáileoirí leasacháin – Scaipairí aoiligh

843242: Innealra talmhaíochta, gortóireachta nó foraoiseachta le haghaidh ullmhú nó saothrú na hithreach; Rollóirí faiche nó spóirt – Scaipairí aoiligh agus dáileoirí leasacháin – dáileoirí leasachán

843320: Innealra buainte nó buailte na barr, lena n-áirítear burlairí cocháin nó fodair; lomairí faichí féir; Meaisíní le huibheacha, torthaí nó táirgí talmhaíochta eile a ghlanadh, a shórtáil nó a ghrádú, seachas innealra faoi cheannteideal 8437 – lomairí eile, lena n-áirítear barraí gearrthóra tarracóirí a ghléasadh

843330: Innealra buainte nó buailte na barr, lena n-áirítear burlairí cocháin nó fodair; lomairí faichí féir; Meaisíní le huibheacha, torthaí nó táirgí talmhaíochta eile a ghlanadh, a shórtáil nó a ghrádú, seachas innealra faoi cheannteideal 8437 – Innealra eile chun féar a bhaint

843340: Innealra buainte nó buailte na barr, lena n-áirítear burlairí cocháin nó fodair; lomairí faichí féir; Meaisíní le huibheacha, torthaí nó táirgí talmhaíochta eile a ghlanadh, a shórtáil nó a ghrádú, seachas innealra faoi cheannteideal 8437 – burlairí tuí nó fodair, burlairí bailithe san áireamh

843351: Innealra buainte nó buailte na barr, lena n-áirítear burlairí cocháin nó fodair; lomairí faichí féir; Meaisíní le haghaidh uibheacha, torthaí nó táirgí talmhaíochta eile a ghlanadh, a shórtáil nó a ghrádú, seachas innealra faoi cheannteideal 8437 – Innealra buainte eile; Innealra buailte -- Buailteoirí comhbhuainteoirí

843353: Innealra buainte nó buailte na barr, lena n-áirítear burlairí cocháin nó fodair; lomairí faichí féir; Meaisíní le haghaidh uibheacha, torthaí nó táirgí talmhaíochta eile a ghlanadh, a shórtáil nó a ghrádú, seachas innealra faoi cheannteideal 8437 – Innealra buainte eile; innealra buailte – Meaisíní bainte fréamhacha nó tiúbar

843359: Innealra buainte nó buailte na barr, lena n-áirítear burlairí cocháin nó fodair; lomairí faichí féir; Meaisíní le haghaidh uibheacha, torthaí nó táirgí talmhaíochta eile a ghlanadh, a shórtáil nó a ghrádú, seachas innealra faoi cheannteideal 8437 – Innealra buainte eile; innealra buailte – Eile

843360: Innealra buainte nó buailte na barr, lena n-áirítear burlairí cocháin nó fodair; lomairí faichí féir; Meaisíní le huibheacha, torthaí nó táirgí talmhaíochta eile a ghlanadh, a shórtáil nó a ghrádú, seachas innealra faoi cheannteideal 8437 – Meaisíní le haghaidh uibheacha, torthaí nó táirgí talmhaíochta eile a ghlanadh, a shórtáil nó a ghrádú

843410: Meaisíní bleáin agus innealra déiríochta - Meaisíní bainne

843680: Innealra eile talmhaíochta, gortóireachta, foraoiseachta, innealra um choinneáil éanlaithe clóis nó coinneáil na mbeach lena n-áirítear gléasra péactha ar a bhfuil trealamh meicniúil nó teirmeach feistithe; Goradáin agus goradáin éanlaithe clóis - Innealra eile

843710: Meaisíní chun síolta, grán nó glasraí léagúmacha triomaithe a ghlanadh, a shórtáil nó a ghrádú; Innealra a úsáidtear sa tionscal muilleoireachta nó le haghaidh gránbharr nó glasraí léagúmacha triomaithe a oibriú, seachas innealra de chineál feirme – Meaisíní le síolta, grán nó glasraí léagúmacha triomaithe a ghlanadh, a shórtáil nó a ghrádú

870130: Tarracóirí (seachas tarracóirí atá faoi cheannteideal 8709) – Tarracóirí leagtha ráillí

870192: Tarracóirí (seachas na tarracóirí atá faoi cheannteideal 8709) – Eile, a bhfuil cumhacht innill acu – Níos mó ná 18 kW ach nach mó ná 37 kW

870193: Tarracóirí (seachas na tarracóirí atá faoi cheannteideal 8709) – Eile, a bhfuil cumhacht innill acu – Níos mó ná 37 kW ach nach mó ná 75 kW

870194: Tarracóirí (seachas na tarracóirí atá faoi cheannteideal 8709) – Eile, a bhfuil cumhacht innill acu – Níos mó ná 75 kW ach nach mó ná 130 kW

870195: Tarracóirí (seachas na tarracóirí atá faoi cheannteideal 8709) – Eile, a bhfuil cumhacht innill acu – Níos mó ná 130 kW

870410: Mótarfheithiclí chun earraí a iompar – Dumpairí atá deartha chun úsáide lasmuigh den mhórbhealach

871620: Leantóirí agus leathleantóirí; feithiclí eile, nach feithiclí innealltiomáinte iad; páirteanna díobh -

Leantóirí agus leathleantóirí féinluchtaithe nó féin-díluchtaithe chun críoch talmhaíochta

## IARSCRÍBHINN 3 — TREALAMH TÓGÁLA

I gcomhréir le hAirteagal II, beidh feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir leis an trealamh tógála a thagann faoi na cóid Chórais Chomhchuibhithe seo a leanas san Iarscríbhinn seo.

820713: Uirlisí inmhalartaithe le haghaidh uirlisí láimhe, bídís cumhachtoibrithe nó ná bíodh, nó le haghaidh meaisínuirlisí (mar shampla, le haghaidh fáis, stampála, puinseála, tapála, snáithithe, druileála, tollta, bróitseála, muilleála, déileála nó tiomána scriú), lena n-áirítear díslí le haghaidh miotal a tharraingt nó a easbhrú, agus uirlisí tollta carraige nó tollta talún – Uirlisí druileála carraige nó tollta talún – Le cuid oibre de cheirmeacha

841340: Caidéil le haghaidh leachtanna, bídís feistithe le feiste tomhais nó ná bídís; Ardaitheoirí leachta - Caidéil choincréite

842620: Deiricí long; craenacha, lena n-áirítear craenacha cábla; frámaí tógála inaistrithe, iompróirí scaradh gabhail agus trucailí oibreacha atá feistithe le craein - Craenacha túir

842641: Deiricí long; craenacha, lena n-áirítear craenacha cábla; Frámaí tógála soghluaiste, iompróirí sraitheanna agus trucailí oibreacha atá feistithe le craein – Innealra eile, féintiomáinte – Boinn fúthu

842649: Deiricí long; craenacha, lena n-áirítear craenacha cábla; Frámaí tógála soghluaiste, iompróirí sraitheanna agus trucailí oibreacha atá feistithe le craein – Innealra eile, féintiomáinte – Eile

842911: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - Ollscartairí agus claonscartairí -- Leagan ráillí

842919: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - Ollscartairí agus claonscartairí -- Eile:

842920: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - Grádóirí agus leibhéalaithe

842930: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - Scríobairí

842940: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - Meaisíní sactha agus rollóirí bóthair

842951: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha -- lódairí sluaisteacha tosaigh

842952: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha -- Innealra ag a bhfuil forstruchtúr rothlach 360°

842959: Ollscartairí, claonscartairí, grádóirí, leibhéalaithe, scríobairí, sluaistí meicniúla, tochaltóirí, lódairí sluaisteacha, meaisíní sactha agus rollóirí bóthair; iad go léir féinghluaiste - Grádóirí agus leibhéalaithe

843010: Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; Céachtaí sneachta agus bogha sneachta – Tiománaithe píle agus asbhainteoirí píle

843031: Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; Céachtaí sneachta agus bogha sneachta – gearrthóirí guail nó carraige agus innealra tollánaithe – Féintiomáinte

843039: Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; Céachtaí sneachta agus séidirí sneachta – gearrthóirí guail nó carraige agus innealra tollánaithe -- Eile

843041: Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; Céachtaí sneachta agus seidirí sneachta – Innealra eile tollta nó suncála -- Iad féintiomáinte

843049: Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; Céachtaí sneachta agus séidirí sneachta – innealra eile tollta nó suncála – Eile

843050: Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; Céachtaí sneachta agus séidirí sneachta – Innealra eile, féintiomáinte

843061: Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; Céachtaí sneachta agus séidirí sneachta – Innealra eile, ní féinghluaiste – Innealra sactha nó dlúthaithe

843069: Innealra eile chun gluaiste, grádaithe, leibhéalaithe, scríobtha, tochailte, sactha, balctha, asbhainte nó tollta, le haghaidh cré, mianraí nó mianta; sáiteoirí píle agus asbhainteoirí píle; céachtaí sneachta agus séidirí sneachta – Innealra eile, nach bhfuil féinghluaiste – Eile

847410: Innealra le cré, cloch, mianta nó substaintí mianracha eile, i bhfoirm sholadach (lena n-áirítear púdar nó taos) a shórtáil, a chriathrú, a scaradh, a ní, a bhrú, a mheilt, a mheascadh nó a fhuineadh; innealra i gcomhair breoslaí soladacha mianracha, taos ceirmeach, ábhair plástrála nó táirgí mianracha eile i bhfoirm púdair nó taois a cheirtleánú nó a mhúnlú; Meaisíní chun múnlaí teilgcheárta a dhéanamh de ghaineamh – Meaisíní stórála, scagtha, deighilte nó níocháin

847420: Innealra le cré, cloch, mianta nó substaintí mianracha eile, i bhfoirm sholadach (lena n-áirítear púdar nó taos) a shórtáil, a chriathrú, a scaradh, a ní, a bhrú, a mheilt, a mheascadh nó a fhuineadh; innealra i gcomhair breoslaí soladacha mianracha, taos ceirmeach, ábhair plástrála nó táirgí mianracha eile i bhfoirm púdair nó taois a cheirtleánú nó a mhúnlú; Meaisíní chun múnlaí teilgcheárta a dhéanamh de ghaineamh – Meaisíní bruite nó meilte

847431: Innealra le cré, cloch, mianta nó substaintí mianracha eile, i bhfoirm sholadach (lena n-áirítear púdar nó taos) a shórtáil, a chriathrú, a scaradh, a ní, a bhrú, a mheilt, a mheascadh nó a fhuineadh; innealra i gcomhair breoslaí soladacha mianracha, taos ceirmeach, ábhair plástrála nó táirgí mianracha eile i bhfoirm púdair nó taois a cheirtleánú nó a mhúnlú; Meaisíní le haghaidh múnlaí teilgcheárta a dhéanamh de ghaineamh – Meaisíní measctha nó fuinte – Meascthóirí coincréiteacha nó moirtéil

847432: Innealra le cré, cloch, mianta nó substaintí mianracha eile, i bhfoirm sholadach (lena n-áirítear púdar nó taos) a shórtáil, a chriathrú, a scaradh, a ní, a bhrú, a mheilt, a mheascadh nó a fhuineadh; innealra i gcomhair breoslaí soladacha mianracha, taos ceirmeach, ábhair plástrála nó táirgí mianracha eile i bhfoirm púdair nó taois a cheirtleánú nó a mhúnlú; Meaisíní chun múnlaí teilgcheárta a dhéanamh de ghaineamh – Meaisíní measctha nó fuinte – Meaisíní chun substaintí mianracha a mheascadh le biotúman

847910: Meaisíní agus fearais mheicniúla a bhfuil feidhmeanna aonair acu, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile sa Chaibidil seo – Innealra d’oibreacha poiblí, d’fhoirgneamh nó dá leithéid

847982: Meaisíní agus fearais mheicniúla ag a bhfuil feidhmeanna aonair, nach bhfuil sonraithe ná áirithe in aon áit eile sa Chaibidil seo – Meaisíní eile agus fearais mheicniúla – Meaisíní measctha, fuinte, brúite, meilte, criathraithe, scagtha, homaiginithe, eiblithe nó corraithe

870130: Tarracóirí (seachas tarracóirí atá faoi cheannteideal 8709) – Tarracóirí leagtha ráillí

870192: Tarracóirí (seachas na tarracóirí atá faoi cheannteideal 8709) – Eile, a bhfuil cumhacht innill acu – Níos mó ná 18 kW ach nach mó ná 37 kW

870193: Tarracóirí (seachas na tarracóirí atá faoi cheannteideal 8709) – Eile, a bhfuil cumhacht innill acu – Níos mó ná 37 kW ach nach mó ná 75 kW

870194: Tarracóirí (seachas na tarracóirí atá faoi cheannteideal 8709) – Eile, a bhfuil cumhacht innill acu – Níos mó ná 75 kW ach nach mó ná 130 kW

870195: Tarracóirí (seachas na tarracóirí atá faoi cheannteideal 8709) – Eile, a bhfuil cumhacht innill acu – Níos mó ná 130 kW

870410: Mótarfheithiclí chun earraí a iompar – Dumpairí atá deartha chun úsáide lasmuigh den mhórbhealach

870510: Mótarfheithiclí sainchuspóra, seachas iad siúd atá ceaptha go príomha chun daoine nó earraí a iompar (mar shampla, leoraithe deisithe, leoraithe craenach, feithiclí comhraicthe dóiteáin, leoraithe measctha coincréite, leoraithe scuabadóra bóthair, leoraithe spraeála, ceardlanna taistil, aonaid raideolaíocha taistil) - Leoraithe craenach

870540: Mótarfheithiclí sainchuspóra, seachas iad siúd atá ceaptha go príomha chun daoine nó earraí a iompar (mar shampla, leoraithe deisithe, leoraithe craenach, feithiclí comhraicthe dóiteáin, leoraithe measctha coincréite, leoraithe scuabadóra bóthair, leoraithe spraeála, ceardlanna taistil, aonaid raideolaíocha taistil) - leoraithe measctha coincréite